Foireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

Tuairisc don Aire Iompair

Márta 2006

Clár an Ábhair

1. Réamhrá

2. Modh Oibre

3. Réimse Cúraim Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

4. Múnlaí Institiúide a tugadh san áireamh

5. Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- Príomhfheidhmeanna

6. Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- An Gaol le hÁisíneachtaí Éagsúla Eile

7. Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- Struchtúr agus Eagrúchán

8. Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- Riachtanais Acmhainní Daonna

9. Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- Riachtanais Acmhainní Eile

10. Ceisteanna Soláthair

11. Socruithe Eadramhacha

12. Conclúidí agus Moltaí

Aguisín I	Téarmaí Tagartha
Aguisín II	Próiseas an Chomhairliúcháin i Scríbhinn
Aguisín III	Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath – Struchtúr Eagrúcháin
Aguisín IV	Sannú Feidhmeanna i Stiúrthóirí Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

1 Réamhrá

D'fhógair an tAire Iompair, Martin Cullen, T.D., ar an 6 Samhain 2005 go raibh Foireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath á cheapadh aige. Cheap an tAire an tOllamh Margaret O'Mahony, Ceann Roinne i Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúir agus Comhshaoil agus Stiúrthóir ar an Ionad Taighde Iompair i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ina Cathaoirleach ar an bhFoireann Bhunaithe. Ba iad John Lumsden agus Pat Mangan, Rúnaithe Cúnta sa Roinn Iompair agus Colin Hunt, Comhairleoir Speisialta an Aire Cullen na comhaltaí eile ar an bhFoireann. Bhí Maev Nic Lochlainn, Príomh-Oifigeach sa Roinn Iompair ina Rúnaí ag an bhFoireann.

De réir na dTéarmaí Tagartha a leag an tAire amach sa litir cheapacháin chuig an Ollamh Margaret O'Mahony mar Chathaoirleach, iarradh ar an bhFoireann:-

- moltaí a chur ar aghaidh maidir le húdarás iompair a bhunú do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus réimse an údaráis, na cumhachtaí a bheadh aige, an struchtúr, cúrsaí eagrúcháin, na riachtanais maidir le hacmhainní daonna agus le hacmhainní eile arna dtabhairt san áireamh chomh maith le haon chúrsaí eile a mba dhóigh leis an bhFoireann a bheith oiriúnach;

- comhairle a chur ar fáil maidir le hábhar na reachtaíochta ba ghá chun an t-údarás beartaithe a bhunú ar bhonn reachtúil; agus

- moltaí a chur ar aghaidh maidir leis na socruithe eadramhacha ba chóir a chur ar bun go dtí go n-achtaítear an reachtaíocht.

Leagtar na Téarmaí Tagartha amach go cuimsitheach in Aguisín I.

Bhain an Fhoireann úsáid as an teideal"Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath" don Údarás nua a bheartaítear. Sa chás go bhfuil na téarmaí "an tÚdarás" nó an "tÚdarás beartaithe" in úsáid sa téacs, ba cheart glacadh leis go dtagraítear leo sin do Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, arna bheartú.

2 **Modh Oibre**

Thug an Fhoireann faoin obair trí mhodh cumaisc lenar bhain cruinnithe i láthair na gcéil cruinnithe, taighde ón mbord oibre, cuairteanna ar shuíomhanna agus comhairliúchán i scríbhinn mar a leagtar amach thíos.

Ar an gcéad dul síos, thug an Fhoireann cuireadh d'ionadaithe ó Ranna Rialtais áirithe agus ó áisíneachtaí tábhachtacha taobh istigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath (MLBÁC) bualadh leo agus a gcuid tuairimí mar gheall ar an Údarás beartaithe a chur i láthair. Bhuail Comhaltaí den Fhoireann le:-

- Roinn an Taoisigh;
- An Roinn Airgeadais;
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil;
- An tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta;
- Córas Iompair Éireann agus na trí fhochuideachtaí oibriúcháin dá chuid;
- An Ghníomhaireacht um fháil Iarnróid;
- Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath; agus
- Bainisteoirí[1] ó na hÚdaráis Áitiúla i MLBÁC.

Ar an dara dul síos, d'iarr roinnt geallsealbhóirí cruinniú agus, chomh fada agus ab fhéidir go praiticiúil, rinne an Fhoireann rud orthu. Bhuail comhaltaí den Fhoireann le:-

- Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath agus Cathaoirligh na gCoistí Polasaí Straitéise i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; agus
- Cumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath.

Ar an tríú dul síos, rinneadh taighde ón mbord oibre d'fhonn múnlaí na n-údarás iompair atá á gcur i bhfeidhm i gcathracha eile a bhreithniú.

Ar an gceathrú dul síos, thaistil comhaltaí den Fhoireann go Londain agus go Nua Eabhrac d'fhonn dul i gcleachtadh ar na príomhshuíomhanna, múnlaí údaráis iompair agus modhanna oibre maidir le soláthar do mhórthograí caipitil mar a bhaineann le cathracha eile. I gcás na dturas sin, bhí cruinnithe ag comhaltaí den Fhoireann le:-

- The Metropolitan Transit Authority, Nua Eabhrac;
- Comhairleoirí atá i mbun mórthograí caipitil thar ceann an MTA, Nua Eabhrac;
- Transport for London;
- An Department for Transport sa Ríocht Aontaithe;
- Comhaltaí den Fhoireann Togra atá ag tabhairt Togra Chríochfort 5 i gcrích thar ceann an British Airports Authority (BAA); agus
- Comhairleoirí atá i mbun mórthograí caipitil iompair phoiblí agus aerfoirt sa Ríocht Aontaithe.

Ar an gcúigiú dul síos, thug an fhoireann faoi chomhairliúchán i scríbhinn agus cuirtear síos air sin in Aguisín II.

---

[1] Bainisteoir Cathrach nó Bainisteoir Contae, nó toscairí dá gcuid.

Chomh maith leis sin uilig, rinne an Fhoireann anailís dá gcuid féin, fuarthas comhairle dlí maidir le ceisteanna áirithe agus cuireadh torthaí na hoibre le chéile ina dhiaidh sin sa tuairisc seo.

3 Réimse Cúraim Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

Réimse Geografach
Tá ceisteanna iompair agus gluaiseachta ar na ceisteanna móra anois, ní amháin taobh istigh de theorainneacha na gceithre limistéar údaráis áitiúil i mBaile Átha Cliath ach i bhfad níos faide ón láthair chomh maith. Feictear le blianta anuas go bhfuil claonadh níos mó ann taisteal fadréimseach a dhéanamh, agus fad agus síneadh á bhaint seasta as na turais a thugtar chuig an obair agus chuig forais oideachais agus forás ar fhorbairt chónaitheach timuirbeach atá aistear shuntasach ón seanlimistéar a bhíodh faoi fhoirgneamh i mBaile Átha Cliath. Tá méadú i gcónaí ar thábhacht na gclaonta sin maidir leis an tionchar a d'imreofaí ar chóras iompair Bhaile Átha Cliath. Dá réir sin, **molann an Fhoireann go gcuimseofaí faoi réimse geografach Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath ar fad i.e. Cathair Bhaile Átha Cliath féin maille leis na sé Chontae, Fine Gall, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara, an Mhí agus Cill Mhantáin.**

Rinne an Fhoireann chomh maith an cheist maidir leis an réimse geografach a leathnú níos faide arís a mheas i bhfianaise an chlaonadh taisteal fíorfhada a dhéanamh idir an baile agus an obair. Chinn an Fhoireann go bhféadfadh go bhfeicfí sin a bheith ag dul in aghaidh an pholasaí spáis a chuirtear in iúl sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha, trína bhféacthar leis an bhforás a chúngú oiread agus is féidir go dtí an Limistéar Ceannchathartha mar atá (arna shainchiallú sna Treoirlínte) agus roinnt lárionaid bhorrtha ar fud Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Chinn an Fhoireann chomh maith go gcaithfeadh an tÚdarás ról a bheith aige taobh istigh den réimse ginearálta cúraim trína dtabharfaí aitheantas don tionchar breisitheach a bhíonn ag turais fhada idir an baile agus an obair agus **moltar dá bhrí sin:**

- **Go n-éilítear ar an Údarás an claonadh seo chun taisteal níos faide a dhéanamh a thabhairt san áireamh agus a chuid feidhmeanna á ndéanamh aige, gan é bheith dlite air an bealach a réiteach dó;**
- **Go mbeadh an fheidhm soláthar a dhéanamh ar sheirbhísí iompair phoiblí ar na príomhbhealaí taistil forada isteach go Baile Átha Cliath i measc fheidhmeanna an Údaráis.**

Réimse Feidhme - Iompar
Is ceist mhór maidir le Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath an t-easpa maidir le cur chuige comhtháite sa tabhairt i gcrích agus sa bhainistíocht i gcúrsaí iompair. Bhí béim i gcuid mhaith aighneachtaí ó bhéal agus i scríbhinn ar na ngá a bhí le slánchóiriú níos mó i gcás an chórais iompair i MLBÁC agus ba chúis áthais go raibh beartaithe údarás nua iompair a bhunú, beart a bheadh ina chéim thábhachtach chun feabhais. Bhí an Fhoireann aireach chomh maith mar gheall ar ar iarr an tAire maidir le aird a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le:-

- clár infheistíochta i gcúrsaí iompair MLBÁC a chur i bhfeidhm go tráthúil, éifeachtúil;
- córas iompair slánchóirithe don phríomhchathair a thabhairt i gcrích; agus
- comhordú agus comhoibriú éifeachtúil idir áisíneachtaí éagsúla a chinntiú..

Chinn an Fhoireann go mbeifí ag dul i gceann go leor den ábhar buartha a luadh mar gheall ar an gcur chuige roinnt seachránach a bhíodh ann dá leagfaí cúram ar an údarás nua maidir le freagracht iomlán faoi chóras iompair slánchóirithe a thabhairt i gcrích i mBaile Átha Cliath. Dá réir sin, **molann an Fhoireann gur chóir freagracht iomlán a bheith ar Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath maidir le hiompar talún i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus gur**

chóir go háirithe go mbeadh freagracht ar as réimse leathan feidhmeanna arbh iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna i gcúrsaí iompair:-

- **Pleanáil Straitéiseach i gcúrsaí Iompair;**
- **Soláthar don Infrastruchtúr Iompair Phoiblí;**
- **Soláthar do na Seirbhísí Iompair Phoiblí;**
- **Rialú maidir le Táillí Iompair Phoiblí;**
- **Córas Iompair Phoiblí Slánchóirithe a thabhairt i gcrích;**
- **Bainistíocht ar Thrácht Bóthair;**
- **Bainistíocht ar an Éileamh ar Dheiseanna Iompair; agus**
- **Bailiú Sonraí & Taighde.**

Réimse Feidhme – Úsáid na Talún agus Slánchóiriú i gcúrsaí Iompair
Cuireadh béim i roinnt mhaith aighneachtaí i scríbhinn agus ó bhéal ar an tábhacht a bhaineann le tabhairt faoi úsáid na talún agus faoi phleanáil chúrsaí iompair ar bhealach slánchuimsitheach. I measc na mbeart a bhíothas a mholadh bhí leathnú a dhéanamh ar réimse cúraim an Údaráis nua go dtabharfaí úsáid na talún faoina scáth, go gcuirfí an múnla a leagadh amach sa Leabhar Gorm[2] i bhfeidhm nó go gcuirfí deismireachtaí ar bun d'fhonn an slánchuimsiú is fearr a chinntiú ar phleananna a d'ullmhódh an tÚdarás Iompair agus na pleananna a nglacfadh údaráis réigiúnacha agus údaráis phleanála leo.

Aontaíonn an Fhoireann gur chóir déileáil le húsáid na talún agus pleanáil i gcúrsaí iompair ar bhealach comhtháite chun straitéisí inmharthana a thabhairt chun cinn do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. **Molann an Fhoireann go mbeadh roinnt feidhmeanna maidir le húsáid na talún san áireamh le réimse cúraim an Údaráis nua.** Beidh éifeachtúlacht aon deismireachtaí a thugtar chun cinn d'fhonn an slánchóiriú a chinntiú ag leibhéal na straitéise ar na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha a bhfuil glactha faoi láthair ag an dá Údarás Réigiúnacha leo agus aon straitéis iompair slánchuimsithe do MLBÁC a thugann an tÚdarás Iompair nua chun cinn ina shiocair ratha nó míratha sa réimse sin. Beidh fiorthábhacht chomh maith le bearta críochnúlachta maidir le pleananna forbartha údarás áitiúil agus na cinntí a dhéantar maidir le hiarratais ar chead pleanála.

Tugtar breis sonraí maidir leis na feidhmeanna a bheartaítear don Údarás nua i Roinn 5 thíos.

[2] "New Institutional Arrangements for Land Use and Transport in the Greater Dublin Area", Páipéar Comhairliúcháin arna fhoilsiú i gcomhar ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil agus ag an Roinn Fiontair Phoiblí sa bhliain 2001.

4 Múnlaí Institiúide a tugadh san áireamh

Rinne an Fhoireann an cheist maidir leis an múnla institiúide a mholfaí do Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath mar a bheartaítear agus an gaol a bheadh aige le háisíneachtaí eile a mheas. Dhá phríomhrogha a tháinig chun cinn tar éis taighde agus an chomhairliúcháin agus d'fhéadfaí a mheas gur ar dhá cheann na codarsnachta iad.

Rogha amháin an t-údarás iompair forchuimsitheach ar a mbeadh freagracht iomlán as gach gné den iompar talún i gcathair nó i réigiún mórchathrach. Is é atá freagrach as feidhmeanna straitéise agus gréasáin, feidhmeanna slánchóirithe (ticéid, eolas, malartú, etc.), soláthar seirbhíse agus infrastruchtúr. Déanann an t-údarás na feidhmeanna sin é féin go díreach, soláthraítear iad trí chomhlacht a bhfuil smacht iomlán aige air (e.g. fochuideachta) nó soláthraítear iad ar mhodh tairisceana ón margadh. Tréith ríthábhachtach ag an gcineál sin údaráis é bheith ar an aon chomhlacht Stáit nó údaráis áitiúil sa chathair nó sa réigiún a bhfuil freagracht maidir le cúrsaí iompair air mura mbeadh an comhlacht sin faoi smacht an údaráis iompair forchuimsitheach.

Rogha eile a luadh linn le linn an chomhairliúcháin a bheadh in údarás comhordaithe nach n-oibreodh ach an lámh éadrom. Comhordú, maoirseacht agus monatóireacht a dhéanfadh an eagraíocht sin. Phléifí le ceisteanna trasnaíola idir na háisíneachtaí feidhme ach ní thiocfadh athrú ar fheidhmeanna na n-áisíneachtaí sin ar aon bhealach suntasach.

Múnla a Mholfaí i gcás Bhaile Átha Cliath
Agus ceist an mhúnla a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i gcás MLBÁC á mheas, thug an Fhoireann na nithe seo a leanas san áireamh:-

- Ní mór don bheart a mholfadh an Fhoireann díriú ar cheist lárnach amháin – conas cinntiú go bhféadfaí cur chuige níos slánchuimsithe maidir le cúrsaí iompair a thabhairt i gcrích go héifeachtúil i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

- Bhíothas ag cur chuig an gceist ar bhealach cheana féin nuair a cinneadh Údarás Iompair amháin a bhunú ó cinntíodh leis sin go mbeadh eagraíocht amháin i riocht dearcadh slánchuimsitheach a bheith aige ar chóras iompair iomlán na cathrach agus an réigiúin.

- Ba í an phríomhcheist a bhí fós ann i dtuairim na Foirne, conas a spreagfadh Údarás Iompair nua Bhaile Átha Cliath na háisíneachtaí éagsúla feidhme chun an dearcadh slánchuimsithe a bhí aige a chur i bhfeidhm nó, dá mba ghá sin, conas a thabharfadh sé orthu é sin a dhéanamh.

- Bhí cumasc agus cónascadh na bhfeidhmeanna agus na gcomhlachtaí reatha in aon eintiteas amháin ar cheann de na roghanna a d'fhéadfaí a chur san áireamh maidir leis an ngéilliúntas a chinntiú. Ina dhiaidh sin, dá bhfágfadh sin go nglacfadh an tÚdarás chuige féin feidhmeanna uile agus fostaithe uile na n-áisíneachtaí iompair ar fad atá i MLBÁC faoi láthair, bheadh sin ina bheart ollmhór.

- Tá difríocht shuntasach idir na socruithe institiúideacha maidir le rialachas agus soláthar sheirbhís iompair phoiblí i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus i gcathracha móra eile. Is cúinge an réimse feidhmeanna atá ag údaráis áitiúla i MLBÁC go ginearálta ná mar atá ag a leithéidí thar lear sa mhéid is nach bhfuil freagracht orthu maidir le hiompar poiblí. Is comhlacht náisiúnta seachas comhlacht réigiúnach nó

áitiúil a chuireann seirbhísí iompair phoiblí ar fáil go príomhdha i MLBÁC. D'fhágfadh an cás go n-oibríonn an príomhsholáthraí sheirbhís iompair phoiblí (CIÉ) i MLBÁC seirbhísí iompair phoiblí go náisiúnta de réir na gcúram reachtúil a leagtar air castacht sa bhreis maidir le haon athrú institiúideach a bheartófaí ina leith.

- D'fhágfadh stádas corparáideach thrí fhochuideachta[3] oibriúcháin CIÉ, stádas na bhfostaithe iontu agus an ceangal reachtúil le CIÉ féin go mbainfeadh castacht ó thaobh dlí le haon athruithe institiúideacha maidir leis na cuideachtaí sin agus go bhféadfadh seal suntasach a bheith i gceist sula bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm.

- Bhí an gá cur i bhfeidhm éifeachtúil, tráthúil ar Iompar 21 i MLBÁC ina chúinse tús áite ag an bhFoireann.

- Is cinnte go mbeadh roghanna nach dtéann chomh fada le gach feidhm agus gach eintiteas iompair a thabhairt isteach faoin Údarás níos luaithe agus go mbeadh siad éifeachtúil maidir le gréasán iompair slánchóirithe do MLBÁC a thabhairt i gcrích.

Malairt cur chuige arna mheas

Chinn an Fhoireann gur múnla institiúide ina gcumaisceofaí gnéithe den dá rogha leagtar amach thuas is fearr a d'oirfeadh Baile Átha Cliath i bhfianaise na struchtúr instititiúide atá ann faoi láthair agus a thábhachtaí is atá sé dul chun cinn luath a dhéanamh maidir le Iompar 21 a thabhairt i gcrích. Ba cúinse mórtábhachta ag an bhFoireann an múnla a mholfaí a bheith éifeachtúil maidir le córas iompair slánchóirithe a thabhairt i gcrích i MLBÁC. Seo a leanas roinnt de na príomhghnéithe a bhaineann leis an múnla institiúide atá á mholadh:

- Ní mór dóthain cumhachtaí reachtúla a bheith ag an Údarás chun cinntiú go bhféadann sé a chuid aidhmeanna straitéiseacha a thabhairt i gcrích, más go díreach é nó trí áisíneachtaí eile. Ní mór é bheith de chumhacht aige polasaí a leagan síos agus a chur i bhfeidhm go cinnte.

- Ní mór an fhreagracht straitéiseach fhoriomlán maidir leis na feidhmeanna éagsúla a leagtar amach i Roinn 3 a bheith ar an Údarás. Ní mór a bheith de chumhacht aige an chaoi ina gcuirtear gach feidhm acu sin i gcrích a shocrú, más ag an Údarás féin go díreach é nó trí áisíneacht feidhme atá ann cheana féin nó tríd an tríú páirtí. Ach amháin i mbeagán cás, feictear don Fhoireann go leanfaidh na háisíneachtaí sna rólanna atá acu a bheag nó a mhór i dtosach agus gur i gcás ina mba léir go gcuirfí go mór le caighdeán nó le luas an tsoláthair a thiocfadh an tÚdarás i gceann an chúraim nó a d'aistreodh sé feidhmeanna.

- Ní foláir an smacht ar mhaoiniú caipitil agus reatha an Stáit maidir le hiompar poiblí agus an bhainistíocht ar thrácht i MLBÁC a bheith ag an Údarás. Ba cheart go bhfanfadh an fhreagracht maidir le cistí do bhóithre náisiúnta ar an ÚBN, faoi réir ag forbhreithniú straitéiseach ag an Údarás mar a phléitear i Roinn 6 thíos.

Is é tuairim na Foirne go leagfaí síos bunrialacha follasacha leis na cumhachtaí reachtúla sin ionas go mba léir an chéimse maidir leis an Údarás nua do gach áisíneacht feidhme. Beidh an tÚdarás i gceannas ar chúrsaí iompair talún i MLBÁC agus déanfaidh áisíneachtaí eile feidhme de réir sainordaithe arna leagan síos ag an Údarás sin.

[3] Tá na trí chuideachtaí cláraithe faoi Dhlí Cuideachtaí in Éirinn.

Is follas gur fearr a thabharfaí faoi chroífheidhmeanna an tslánchóirithe (e.g. pleanáil straitéiseach agus pleanáil an ghréasáin, ticéadú slánchóirithe, eolas slánchóirithe etc.) go lárnach agus is dócha go mbeadh roinnt feidhmeanna le haistriú ó áisíneachtaí atá ann cheana féin go dtí an tÚdarás Iompair nua dá bharr sin. Bheadh tionchar ag a oiread agus a thógfadh an tÚdarás nua sciar de na feidhmeanna atá ag áisíneacht (nó iomlán na bhfeidhmeanna) ar láimh ar an dearcadh a bheadh ag an bhFoireann maidir le céim na háisíneachta sin i gcreat nua institiúidí. Cé go bhfuil cónascadh iomlán na n-áisíneachtaí ar fad faoi aon scáth amháin curtha as an áireamh, ba cheart staidéar a dhéanamh maidir le cónascadh nó cumasc i bpáirt dá mbeadh is go gcuirfí ar an gcaoi sin leis an éifeachtúlacht, go maolófaí ar an iomarcaíocht feidhme nó go gcuirfí barainneachtaí an mhórscála chun sochair agus dá bhféadfaí, go háirithe, sin a dhéanamh gan aon rómhoill.

Tugtar cur síos i Roinn 5 ar phríomhfheidhmeanna an Údaráis. Déantar a oiread agus a thógfadh an tÚdarás nua feidhmeanna na n-áisíneachtaí éagsúla a thógáil ar láimh a phlé i Roinn 6 agus tugtar cur síos chomh maith ar an gceangal gaoil a bheadh idir an tÚdarás agus áisíneachtaí eile i MLBÁC.

5 Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath :- Príomhfheidhmeanna

Mhol an Fhoireann i Roinn 3 gurbh iad seo a leanas ba cheart a bheith mar phríomhfheidhmeanna ag an Údarás nua:-

- Pleanáil Straitéiseach i gcúrsaí Iompair;
- Soláthar don Infrastruchtúr Iompair Phoiblí;
- Soláthar do na Seirbhísí Iompair Phoiblí;
- Rialú maidir le Táillí Iompair Phoiblí;
- Córas Iompair Phoiblí Slánchóirithe a thabhairt i gcrích;
- Bainistíocht ar Thrácht Bóthair;
- Bainistíocht ar an Éileamh ar Dheiseanna Iompair;
- Úsáid na Talún agus Slánchóiriú ar Chúrsaí Iompair; agus
- Bailiú Sonraí & Taighde.

Pléitear iad sin níos mine thíos.

Pleanáil Straitéiseach i gCúrsaí Iompair

Ba cheart go mbeadh cúram maidir leis an bpleanáil straitéiseach mar gheall ar gach modh iompair ar dhroim talún ar an Údarás nua agus go n-éileofaí air straitéis iompair slánchuimsitheach do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a ullmhú. Ba cheart gurbh é a bheadh de chuspóir leis an straitéis iompair slánchóirithe an creat pleanála fadtéarmach a chur ar fáil chun córas iompair slánchóirithe do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a thabhairt chun cinn, agus Tuarascáil Dheireanach Thionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath a foilsíodh sa bhliain 1995 agus *A Platform for Change* a foilsíodh sa bhliain 2001 mar bhonn leis. Ba cheart, ar ndóigh, go mbeadh an chéad straitéis a nglacfadh an tÚdarás nua leis faoi anáil ag an gclár infheistíochta a bhfuil glactha leis cheana féin ag an Rialtas maidir le MLBÁC, Iompar 21. Ba cheart go mbainfeadh an straitéis le tréimhse idir 12 agus 20 bliain agus go ndéanfaí é a athbhreithniú uair in aghaidh gach 6 bliana. Ba mhór an chóir dá mbeadh a ullmhú nó a athbhreithniú á chomhordú leis an ullmhúchán nó leis an athbhreithniú ar na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath treoir a thabhairt ionas go gcloíodh na háisíneachtaí iompair ar fad i MLBÁC[5] leis an straitéis iompair slánchóirithe agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna. Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás chomh maith leasuithe beaga a dhéanamh ar an straitéis le linn a tréimhse feidhme.

Soláthar don Infrastruchtúr Iompair Phoiblí

Faoi réir ag polasaí an Rialtais, ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás nua an clár infheistíochta don iompar poiblí i MLBÁC a shocrú. Is léir gurb iad na príomhchuspóirí infheistíochta atá leagtha amach ag an Rialtas in Iompar 21 a bheidh ag an Údarás go ceann tamaill. Go deimhin ba cheart go mbeadh bainistiú ar Iompar 21 a thabhairt i bhfeidhm de réir an sceidil agus taobh istigh den bhuiséad ar phríomhchúraimí an Údaráis. Ba cheart a thabhairt de chumhacht don Aire Iompair blocdheontais a íoc leis an Údarás chun críche infheistíocht chaipitil. Ba cheart ina dhiaidh sin féin gur faoin Údarás amháin a bheadh cinneadh maidir le dáileadh na ndeontas sin ar thograí faoi leith. Níor cheart go mbeadh aon ról ag an Aire maidir

[5] Tá i gceist go gcuimseofaí leis an téarma "na háisíneachtaí iompair ar fad i MLBÁC" an tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta, an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród, Córas Iompair Éireann, Bus Átha Cliath, Bus Éireann, Iarnród Éireann, soláthraithe seirbhíse iompair phoiblí eile agus údaráis áitiúla (maidir le feidhm bhainistiú tráchta).

leis sin. Bheadh sin ag teacht leis na socruithe maoinithe i gcás an Údaráis um Bhóithre Náisiúnta a oibríonn go ríshásúil. Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás na modhanna is éifeachtaí chun infrastruchtúr iompair phoiblí a sholáthar a mheas agus a shocrú. Ba cheart go mbeadh lánscóip aige maidir le hinfrastruchtúr iompair phoiblí a sholáthar é féin go díreach, an soláthar a leagan ar an tríú páirtí, socrú mar gheall ar chineál an chonartha nó an tsoláthair a mbainfí leas as i gcás gach togra faoi leith, nó coinníollacha eile a leagan síos maidir le haon togra a ndéantar soláthar dó trí chistí caipitil, de réir mar is dóigh leis a bheith cuí.

Soláthar do Sheirbhísí Iompair Phoiblí

Ba cheart go n-éileofaí ar an Údarás nua plean gréasáin slánchóirithe do na seirbhísí iompair phoiblí ar fad i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath a ullmhú agus ba cheart don Údarás seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar ar conradh, de réir an phlean sin. Ba cheart go mbeadh de chumhacht aige chomh maith soláthar do sheirbhísí iompair phoiblí ar na príomhbhealaí taistil forada idir an baile agus an obair isteach go Baile Átha Cliath. Ba chóir go leagfaí amach sa phlean gréasáin slánchóirithe na seirbhísí a mbeartódh an tÚdarás soláthar dóibh de réir dualgais sheirbhís phoiblí le linn an tréimhse meántéarma (3 – 5 bhliana).

Ba cheart gurbh é an tÚdarás go díreach a bhronnfadh conarthaí a bheadh bunaithe ar an bhfeidhmíocht ar Bhus Átha Cliath, ar Bhus Éireann agus ar Iarnrod Éireann. Ba cheart go n-íocfadh an tÚdaras deontas maidir leis na seirbhísí a chuireann na trí oibreoir sin ar fáil i MLBÁC. Bheadh de chumhacht ag an Údarás athnuachan, leasú nó athrú a dhéanamh ar na conarthaí bunaithe ar fheidhmíocht sin, de réir mar ba dhóigh leis a bheith cuí. Rithfeadh an tÚdarás comórtais thairisceana sula mbronnfaí conarthaí bunaithe ar fheidhmíocht maidir le seirbhísí LUAS agus Metro agus dhéanfadh sé íocaíochtaí chomh maith (dá mba ghá) leis na hoibreoirí sin de réir an chonartha. D'fhéadfaí sonrú a dhéanamh ar na bealaí, na seirbhísí agus an caighdeán a d'éileofaí in aon chonradh a bhronnfadh an tÚdarás agus d'fhéadfaí dreasachtaí nó píonóis a lua sa chás go sárófaí nó nach mbainfí amach na riachtanais shonraithe leis an tseirbhís. Ós ar an Údarás a bheadh an fhreagracht maidir le híocaíocht i ngeall ar dhualgais seirbhíse poiblí, bheadh de chumhacht aige chomh maith rialú a dhéanamh ar tháillí iompair phoiblí, lena n-áireofaí cumhacht táillí slánchuimsitheacha a thabhairt isteach. Ó ba é an tÚdarás an t-eagras ar a mbeadh an cúram ginearálta córas iompair phoiblí slánchóirithe a thabhairt i gcrích ar fud na cathrach agus an réigiúin, bheadh de chumhacht ag an Údarás chomh maith seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil, ach ní bhainfí leas as an gcumhacht sin ach amháin sa chás go mb'éigean, nuair a chlisfeadh oibreoir i gcur ar fáil na seirbhíse cuí nó nuair nach raibh ar chumas an oibreora sin a dhéanamh feasta.

Ní mheastar gur cuid de shainordú na Foirne aon mholtaí a dhéanamh maidir le hábhar reachtaíochta a dhéanfadh athchóiriú ar chúrsaí rialachais agus, chun críche na tuairisce seo, níor dhírigh an Fhoireann ach ar an *status quo* maidir le rialú an mhargaidh. Ina dhiaidh sin féin, nuair a bheidh reachtaíocht á rith san am atá romhainn chun athchóiriú a chur ar an Acht um Iompar ar Bhóithre 1932, molann an Fhoireann go bhforálfaí ann go dtabharfadh Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath faoi na feidhmeanna rialachais ar fad maidir le margadh Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Idir an dá linn, ba cheart cúramaí a leagan ar an Údarás maidir le soláthar do sheirbhísí iompair phoiblí mar a leagtar amach thuas agus ba cheart go leanfadh an tAire Iompair ar aghaidh ina údarás cheadúnú busanna faoi Acht na bliana 1932.

Córas Iompair Phoiblí Slánchóirithe a Thabhairt i gCrích

Bítear ar aon aigne maidir le géarghá a bheith le córas iompair slánchóirithe do MLBÁC a thabhairt i gcrích. Mar a luadh cheana, is é an cinneadh Údarás Iompair amháin a bhunú atá ríthábhachtach, ó cinntíonn sin go mbeidh aon eagraíocht amháin ullamh chun dearcadh slánchuimsitheach a bheith aige ar an gcóras iompair phoiblí ar fad. Beidh cinntiú an tslánchóirithe ar an infrastruchtúr iompair phoiblí ríthábhachtach maidir le Iompar 21 a thabhairt i bhfeidhm. Beidh fíorthábhacht chomh maith le plean gréasáin shlánchóirithe a thabhairt chun cinn agus le soláthar do sheirbhísí iompair phoiblí ag teacht leis an bplean sin.

Tá feidhmeanna slánchóirithe lárnacha eile ar fearr iad a bheith ag Údarás lárnach. Ba cheart a éileamh ar Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath aon bhranda amháin don chóras iompair phoiblí slánchóirithe i MLBÁC a thabhairt chun cinn, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn. Ba cheart chomh maith go ndéanfadh an tÚdarás an soláthar do chóras ticéadaithe slánchóirithe agus do chóras eolais slánchóirithe maidir leis an iompar poiblí. D'fhonn freastal dó sin, ba cheart a bheith de chumhacht ag an Údarás rannpháirtíocht sholáthraithe iompair phoiblí[6] a éileamh sa dá chóras sin, lena n-áirítear cumhacht caighdeáin teicniúlachta agus seirbhíse a leagan síos, a éileamh go gcuirfí trealamh áirithe isteach agus sainordú a thabhairt d'oibreoirí eolas sonrach a chur ar fáil nó a fhoilsiú mar gheall ar bhealaí agus ar sheirbhísí. Ba cheart go gcuirfeadh an tÚdarás saoráidí sheirbhís don chustaiméir nó ionaid glao ar fáil do gach duine a úsáideann an córas iompair phoiblí slánchóirithe.

Ba cheart don Údarás cinntiú chomh maith go gcuirtear dea-shaoráidí ábhartha idirmhalartaithe ar fáil do lucht úsáide an chóras iompair phoiblí. Thabharfaí san áireamh leis sin áiseanna páirceála agus taistil do lucht carranna, gluaisrothar agus rothaíochta, seirbhísí bhusanna fríothálacha, bearta chun áisiúlacht do choisithe a chinntiú agus cumhachtaí ag an Údarás chun cinntiú go mbíonn stadanna tacsaithe suite in áiteanna oiriúnacha, go háirithe ag nódanna idirmhalartaithe tábhachtacha iompair phoiblí.

Bainistíocht ar Thrácht Bóthair

Chinn an Fhoireann go bhfuil gá le polasaí slánchóirithe mar chur chuige i leith na bainistíochta ar thrácht bóthair ar fud an réigiúin, bunaithe ar an sárchleachtas thar lear. Ba cheart go n-éileofaí, mar sin, ar an Údarás nua plean straitéiseach don bhainistíocht ar thrácht bóthair i MLBÁC a ullmhú. Ba cheart go mbainfeadh beartas chun rothaíocht agus coisíocht a chur chun cinn leis an bplean chomh maith. Ba cheart go ndlífí ar gach údarás áitiúil cloí le plean straitéiseach an Údaráis. Ba cheart go mbeadh de fhreagracht ar an Údarás chomh maith comhordú a dhéanamh ar na socruithe bainistíochta don trácht bóthair le linn chéim na tógála de Iompar 21 agus mórchláir infheistíochta eile ina dhiaidh sin i gcúrsaí iompair. Agus é ag díriú ar an aidhm a bheadh aige infrastruchtúr iompair phoiblí a thabhairt i gcrích go luath, agus i bhfianaise na ndeacrachtaí a bhí lena leithéid cheana, féachfaidh an tÚdarás le plé le soláthraithe fóntais, ag gach leibhéal, chun creat a thabhairt chun cinn trína dtugtar tosaíocht níos túisce d'infrastruchtúr dá leithéid a thabhairt i gcrích.

Is dóigh leis an bhFoireann gur ag na húdaráis áitiúla, den chuid is mó, a bheidh feidhmeanna na bainistíochta ar an trácht i gcónaí faoi scáth an chreat straitéise a leagfaidh an tÚdarás síos. Ina dhiaidh sin féin, ba chóir go mbeadh de chumhacht ag an Údarás socrú déanamh de réir feidhmeanna áirithe é féin nó an tríú páirtí a chur ina mbun, nuair ba mhó éifeachta a bheadh leis sin. Ba cheart go mbeadh smacht bhuiséidithe ag an Údarás nua ar an maoiniú a chuirtear ar fáil don bhainistíocht ag an Údarás ar thrácht bóthair; ba cheart go ndéanfadh sé

[6] Tá i gceist go gcuimseofaí leis an téarma "soláthraithe iompair phoiblí" Bus Átha Cliath, Bus Éireann, Iarnród Éireann, Connex, aon oibreoir Metro nó Luas san am atá ag teacht agus oibreoirí busanna príobháideacha.

leithdháileadh ar dheontais don bhainistíocht ar thrácht bóthair agus go mbeadh ar a chumas treoir a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir leis an úsáid a bhainfí as ioncam a thuillfí trí tháillí páirceála agus trí tháillí gaolmhara eile. Ba cheart go mbeadh de scóip aige treoirlínte polasaí agus treoracha sainordaitheacha a eisiúint le húdaráis áitiúla maidir le feidhmeanna bainistíochta ar thrácht bóthair. Ba cheart don Údarás cinntiú chomh maith go ndéantar córas eolais slánchóirithe do lucht úsáide na mbóithre i MLBÁC a sholáthar agus a chur ag obair.

Bainistíocht ar an Éileamh ar Dheiseanna Iompair

Baineann roinnt bearta le bainistíocht ar éileamh, ar a n-áirítear:

- Polasaithe inbhuanaithe maidir le húsáid na talún agus slánchóiriú ar chúrsaí iompair, a thabharfadh an baile, an t-ionad oibre agus seirbhísí níos gaire dá chéile nó a d'fhágfadh ceangal níos fearr eatarthu trí iompar poiblí, trí rothaíocht nó trí choisíocht;

- Bearta séimhe d'fhonn laghdú ar úsáid na gcarranna, lena n-áireofaí tionscnaimh chun taisteal chomhluadair i gcarranna a chur chun cinn, solúbthacht i gcúrsaí oibre agus pleananna taistil don duine aonair nó don ionad oibre; agus

- Bearta fioscacha chun taisteal inmharthanach a chur chun cinn agus cur in aghaidh nósanna taistil neamhinmharthanacha (lena n-áireofaí táillí ar ghearrfaí ar pháirceáil agus bearta maidir le táillí plúchta).

Tháinig an Fhoireann ar an tátal gur chóir go n-áireofaí sa reachtaíocht a bhunódh an tÚdarás nua cumhachtaí dó chun plean feidhmiúcháin a ullmhú do bhainistíocht éilimh lena n-áirítear na raon bearta eile a thuairscítear thíos. Ba chóir go mbeadh an chumhacht ag an Údarás plean den sórt sin a fheidhmiú go díreach nó trí thríú páirtí agus treoirlínte a eisiúint chuig údaráis phleanála agus áisíneachtaí iompair faoi fheidhmiú bhearta bainistíochta éilimh den sórt sin.

Ba cheart cúram a leagan ar an Údarás chomh maith maidir le táillí plúchta a ghearradh i MLBÁC faoin aon reachtaíocht a rithfí san am atá romhain chun cumhacht reachtúil maidir le táillí plúchta a thabhairt isteach. Tuigeann an Fhoireann go mbeadh gá le cinntí Rialtais sonracha agus le bearta reachtaíochta nua ina dhiaidh sin sula bhféadfadh an tÚdarás táillí plúchta a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbeadh ar chumas an Údaráis aon ioncam a thuillfí a chaitheamh mar chiste do bhearta iompair i MLBÁC. Chuideodh cur chuige dá leithéid le toil an phobail le haon scéimeanna nua a chothú agus d'fhéadfadh go gcuideodh sé freisin le hinfheistíocht níos luaithe a dhéanamh i saoráidí iompair phoiblí, rud a d'fhágfadh rogha níos leithne ag lucht taistil.

Úsáid na Talún agus Slánchóiriú ar Chúrsaí Iompair

Ba seasmhach mar théama, agus é á tharraingt anuas le linn an chomhairliúcháin ó bhéal agus i scríbhinn, an tábhacht atá leis an mbaint atá ag úsáid na talún le cúrsaí iompair. Bhí go leor a chuir béim ar an ngá le deismireachtaí éifeachtúla chun cinntiú go dtagann an polasaí agus an cleachtas maidir le húsáid na talún go dlúth leis an bhforbairt ar chóras iompair slánchóirithe.

Cé nach raibh mionmheasúnú ar an bpleanáil maidir le húsáid na talún i measc na dTéarmaí Tagartha go foirmeálta, bhí oiread tionchair ag na tuairimí a nochtaíodh ar an bhFoireann agus go ndearnadh an cheist a mheas níos doimhne. Chinn an Fhoireann gur cheart moltaí a dhéanamh i ngeall le húsáid na talún agus slánchóiriú ar chúrsaí iompair mar chuid lárnach den reachtaíocht lena mbunófaí an tÚdarás nua. Is den riachtanas na forálacha sin agus níor cheart iad a mheas mar ábhar roghnach.

D'fhonn cinntiú go dtagann an phleanáil maidir le húsáid na talún agus maidir le cúrsaí iompair ag an leibhéal réigiúnach le chéile, molann an Fhoireann:-

- Ba cheart as seo amach go ndéanfaí na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do MLBÁC a ghlacadh in éineacht ag Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath, ag Údarás Réigiúnach an Lár-Oirthir agus ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. Rachadh Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an dá Údarás Réigiúnacha. Ba cheart go ndlifí ar na trí údarás de réir reachtaíochta a theacht ar aontú agus glacadh le Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath in éineacht. Ba cheart go mbeadh an gnás céanna i bhfeidhm gach uair dá ndéantar athbhreithniú ar na Treoirlínte.

- Ba cheart go mbeadh ról ag an dá Údarás Réigiúnacha chomh maith i gcomhthéacs aontú an straitéis iompair slánchóirithe ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. Sula bhféadfadh an tÚdarás Iompair glacadh go foirmeálta leis an straitéis iompair, ba chóir go mbeadh riachtanas ann le teastas ag áitiú nach dtéann an straitéis sin in aghaidh na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha ar aon bhealach ábhartha. Is iad an tÚdarás Iompair agus an dá Údarás Réigiúnacha in éineacht a d'eiseodh an teastas.

Is den ríthábhacht chomh maith go mbeadh pleananna forbartha na n-údarás áitiúil agus pleananna cheantair áitiúla ag teacht chomh mór agus is féidir leis an straitéis iompair phoiblí slánchóirithe do MLBÁC. Chomh maith leis sin, ba cheart gur i bhfianaise an straitéis iompair a dhéanfaí cinntí sa phleanáil i leith úsáid na talún, óir ní bheadh aon tionchar ábhartha aige ar chúrsaí murarbh ea. Dá bhrí sin, molann an Fhoireann:-

- go mbeadh ar gach údarás áitiúil a bheadh ag cur plean forbartha nó plean ceantair áitiúil le chéile nó á leasú teastas a fháil ar dtús ó Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, ag rá nach raibh an plean beartaithe ag dul in aghaidh an straitéis iompair slánchóirithe do MLBÁC ar aon bhealach ábhartha.

- gur cheart go mbeadh dlite ar údaráis áitiúla agus ar an mBord Pleanála an straitéis iompair slánchóirithe a thabhairt san áireamh agus iarratais ar chead pleánála nó achomhairc maidir le bearta forbartha i MLBÁC á meas. Ba cheart go mbainfeadh sin chomh maith le hiarratais nó achomhairc a bheadh á meas i limistéir lena mbainfeadh straitéis iompair MLBÁC, fiú nuair a tharlódh na limistéir sin taobh amuigh de theorainn gheografach MLBÁC.

Molann an Fhoireann chomh maith gur cheart an reachtaíocht pleanála a leasú chun cinntiú go mbeadh de cheart reachtúil ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:-

- aighneachtaí a chur faoi bhráid maidir le hiarratais agus achomhairc phleanála ar leith;

- aighneachtaí a chur faoi bhráid maidir le bearta forbartha de chuid na n-údarás áitiúil féin a bheadh faoi réir ag comhairliúchán faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000;

- moltaí a chur chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le cumhachtaí an Aire sin faoi na hAchtanna Pleanála agus Forbartha a chur i

bhfeidhm i MLBÁC (agus go mbeadh dlite ar an Aire na moltaí a thabhairt san áireamh).

Ba cheart an reachtaíocht pleanála a leasú chomh maith d'fhonn cinntiú go mbíonn de chumhacht ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:-

- Orduithe a dhéanamh trína ndlífí ar údaráis phleanála i MLBÁC teacht le straitéis slánchóirithe an Údaráis Iompair nua agus plean á aontú acu; agus

- Cineálacha áirithe forbartha i MLBÁC a ainmniú, a mbeadh gá le teastas ó Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath ag rá nach dtéann siad in aghaidh an straitéis iompair slánchóirithe lena n-aghaidh. D'fhéadfadh go dtiocfadh bearta forbartha a mbeadh tionchar mór acu ar chúrsaí iompair sa cheantar máguaird agus níos faide ó bhaile faoi scáth an ainmniúcháin sin ag an Aire. Ina leithéid de chás, ní bheadh de chead ag údarás áitiúil cead pleanála a thabhairt mura raibh teastas eisithe cheana féin ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath.

Ba cheart go mbeadh forálacha den chineál céanna mar chuid den reachtaíocht lena mbunófaí Údarás nua Bhaile Átha Cliath d'fhonn cinntiú gur ar bhealach a thagann le straitéis slánchóirithe an Údaráis Iompair a chuirtear na feidhmeanna pleanála faoi úsáid na talún atá ag Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath agus Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin i bhfeidhm.

Bailiú Sonraí agus Taighde

Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás nua sonraí iompair a bhailiú ó gach ceann de na háisíneachtaí iompair, ó eagraíochtaí eile agus ón bpobal go ginearálta d'fhonn cuidiú leis an Údarás san athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chóras iompair i MLBÁC agus i ndéanamh de réir a chuid feidhmeanna reachtúla. Ba cheart go háirithe go mbeadh de chumhacht aige a éileamh ar na háisíneachtaí iompair aon sonraí a bhfuil gá aige leo a chur ar fáil, faoi réir ag dualgas de réir dlí ar an Údarás gan ceisteanna rúndachta a shárú i gcás sonraí a bheadh corrach ó thaobh tráchtála de. Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Údarás chomh maith taighde ábhartha a dhéanamh.

6 Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- An Gaol le hÁisíneachtaí Éagsúla Eile

Tar éis na feidhmeanna a thabharfaí don Údarás nua a mheas, lean an Fhoireann ar aghaidh le plé ar an ngaol a bheadh idir an tÚdarás agus na háisíneachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le cúrsaí iompair i MLBÁC.

Córas Iompair Éireann agus na Fochuideachtaí Oibriúcháin

Ba cheart rialú a dhéanamh mar seo a leanas ar an ngaol idir an tÚdarás nua agus máthairchomhlacht CIÉ maille leis na trí fhochuideachta oibriúcháin.

- Ba cheart go gcinnteodh athruithe sa reachtaíocht gur faoi réir ag forálacha an Achta nua chun Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a bhunú amháin a bhainfí feidhm feasta as cumhachtaí, feidhmeanna agus dualgais reachtúla CIÉ agus na dtrí fhochuideachta oibriúcháin dá chuid chomh fada agus a bhainfeadh siad le MLBÁC.

- Mar a leagadh amach cheana i Roinn 5, ba cheart gaol díreach ar bhonn chonartha a bheith idir an tÚdarás agus trí fhochuideachta oibriúcháin CIÉ, riachtanais agus caighdeáin maidir leis na seirbhísí a chuirfidís ar fáil i MLBÁC sonraithe go mion sna conarthaí agus scóip iontu do dhreasachtaí nó do phíonóis sa chás go sáraítear nó nach mbaintear amach na caighdeáin shonraithe leis an tseirbhís. Ní bheadh aon ghá le conradh le CIÉ féin ó tharla nach bhféadfaí féachaint ar CIÉ mar áisíneacht feidhme ar an gcaoi chéanna.

- Ba cheart don Údarás gach airgead maidir le dualgas seirbhíse poiblí agus deontais chaipitil mar gheall ar sheirbhísí nó oibreacha i MLBÁC a íoc go díreach leis na trí fhochuideachta oibriúcháin. Ba mhór an t-athrú sin ós trí CIÉ a théann na cistí ar fad faoi láthair.

- Ba cheart gurbh é an tAire Iompair a cheapfadh comhaltaí Bhoird na dtrí fhochuideachta oibriúcháin feasta in áit Chathaoirleach Bhord CIÉ.

- I gcás na Stiúrthóirí nach oibrithe iad ar Bhoird na dtrí fhochuideachta oibriúcháin, ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás daoine a ainmniú chun a gceapadh ina Stiúrthóirí ag an Aire. Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás triúr as an seisear Stiúrthóirí nach oibrithe iad ar Bhord Bhus Átha Cliath, agus beirt as an seisear i gcás Bhus Éireann agus Iarnrod Éireann faoi seach a ainmniú d'fhonn a gceapadh ag an Aire. Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás chomh maith triúr as an naonúr Stiúrthóirí nach oibrithe iad a ainmniú d'fhonn a gceapadh ar Bhord mháthairchomhlacht CIÉ. Sa chás go gcuirfí le líon na gcomhaltaí ar aon cheann de na Boird sin, ba cheart go gcuirfí dá réir le líon na Stiúrthóirí nach oibrithe iad a bheadh le hainmniú ag an Údarás. Is léiriú iad na hathruithe sin ar chomh suntasach agus atá na seirbhísí iompair phoiblí a chuirtear ar fáil i mBaile Átha Ciath mar chuid de ghníomhartha uile CIÉ agus a chuid fochuideachtaí oibriúcháin. Leagtar béim leo chomh maith ar a thábhachtaí agus atá sé cinntiú go ndéanfadh na cuideachtaí sin de réir mar is mian le hÚdarás Iompair Bhaile Átha Cliath.

- Níor cheart go mbeadh CIÉ ná aon cheann de na trí fhochuideachta oibriúcháin i dteideal diúscairt a dhéanamh ar mhaoin talún i MLBÁC gan toiliú an Údaráis chuige. Is chun cinntiú go mbíonn deis ag an Údarás an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an diúscairt a bheartaítear ar chúrsaí iompair é sin.

- Chomh maith le bheith de chumhacht aige treoirlínte comhairleacha agus treoracha sainoirdaithe a eisiúint le máthairchomhlacht CIÉ, ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás nua treoirlínte agus treoracha dá leithéid a eisiúint leis na trí fhochuideachta oibriúcháin go díreach.

- Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás, mar a leagadh amach cheana i Roinn 5, na feidhmeanna a bheadh le baint amach ag CIÉ nó ag aon cheann de na fochuideachtaí oibriúcháin a shocrú chomh maith le cumhacht dul ina gceann agus aon cheann de na feidhmeanna a dhéanamh é féin go díreach nó a leagan ar an tríú páirtí, sa chás nach raibh CIÉ nó aon cheann de na trí fhochuideachta oibriúcháin ag cruthú go sásúil.

Ba mhór ag an bhFoireann féachaint leis an mbuanriocht ba mhó ab fhéidir a bhaint amach ón am a rabhthas sásta go raibh aon athrú a síleadh a bheith riachtanach chun córas iompair slánchóirithe i MLBÁC a thabhairt i gcrích go sásúil á chur i bhfeidhm. Ba mhór i gceist aige chomh maith soiléire iomlán a bheith ann maidir leis an ngaol tuairiscithe idir eagraíochtaí. Cé go bhfanfadh na trí fhochuideachta oibriúcháin mar chuid de Ghrúpa CIÉ agus nach dtabharfaí isteach faoi scáth an Údaráis nua iad, threiseofaí trí na hathruithe a bheartaítear thuas le tús áite a bheith ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath taobh istigh de MLBÁC agus chinnteofaí:-

- gur ar an Údarás Iompair nua seachas ar CIÉ a bheadh an phríomhfhreagracht mar gheall ar mhaoirseacht ar bheartaíocht iompair phoiblí thrí fhochuideachta oibriúcháin CIÉ i MLBÁC; agus

- nach mbeadh aon athrú ar ról maoirseachta CIÉ maidir le hobair a dhéanann Bus Éireann agus Iarnród Éireann in áiteanna eile in Éirinn.

Bheadh máthairchomhlacht CIÉ níos saindírithe ar réimse feidhmeanna níos cúinge agus aird ar leith á thabhairt ar bheartaíocht de chuid Bus Éireann agus Iarnród Éireann taobh amuigh de MLBÁC.

An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród

Mar a chéile le CIÉ, tá sainordú náisiúnta ag an GFI faoin dlí. Ina dhiaidh sin féin, rud nach ionann agus cás CIÉ, tá obair GFI ar fad dírithe taobh istigh de theorainneacha Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath faoi láthair. Tá an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród freagrach faoi láthair as an soláthar ar:-

- infrastruchtúr iarnróid éadroim agus metro;
- seirbhísí iarnróid éadroim agus metro; agus
- ticéadú slánchóirithe don iompar poiblí.

Bhí ceangal dlúth idir plé na Foirne ar an ról a bheadh feasta ag an GFI agus an plé a rinneadh maidir leis an gcur chuige ab fhearr maidir le bainistíocht slánchóirithe ar thograí tábhachtacha infrastruchtúir iarnróid i MLBÁC.

Beidh fíorthábhacht maidir le hinfrastruchtúr iompair phoiblí slánchóirithe a thabhairt i gcrích go sásúil i MLBÁC taobh istigh de Iompar 21 le trí thogra iarnróid a thabhairt chun críche go héifeachtúil, eadhon an líne iarnróid Metro Thuaidh a shínfidh ó thuaidh agus ó dheas trasna lár na cathrach, an líne iarnróid Idirnascaire a shínfidh soir-siar trasna an limistéir chéanna agus

an tógáil ar shaoráid slánchóiríochta dáiríre i bhFaiche Stiabhna trína ligfear d'aistriú gan siúnta ar phaisinéirí idir Luas, Metro agus iarnród na mbruachbhailte. Fágann na tolláin go bhfuil castacht agus baol suntasach breise ag baint le comhthéacs na dtograí sin.

Tá sé ar cheann de na cúinsí cinniúnacha fíorthábhachtacha i gcomhthéacs Iompar 21 a thabhairt i gcrích go gcinntítear cur chuige dlúth, slánchóirithe ó thosaítear ar an bpleanáil, le linn miondearaidh agus mionsonraithe agus go dtí go dtugtar an tógáil chun críche i gcás na dtograí seo. **Molann an Fhoireann dá bharr sin gur ar Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath féin go díreach a bheadh an fhreagracht maidir leis na trí thogra sin.** I measc na mbuntáistí a bheadh leis sin, tá an tsoiléire bhreise ag na conraitheoirí maidir leis an eagraíocht atá mar chliant acu, níos lú baoil go dtarlódh aighneas de bharr na sonraíochta a d'aontófaí i gcás thograí ar leith agus an deis an costas a laghdú mar gheall ar rudaí a d'fhéadfadh teacht le chéile nuair atá na trí thogra faoi chúram na heagraíochta amháin. Chinnteofaí leis an gcur chuige sin chomh maith go mbeadh an taithí agus an saineolas a ghnóthaítear ón mbainistíocht ar thogra Metro Ó Thuaidh sna blianta luatha de Iompar 21 ar fáil agus inaistrithe go dtí an Fhoireann ar a leagtar de chúram an tIdirnascaire a thabhairt i gcrích roinnt blianta ina dhiaidh sin.

Tá molta ag an bhFoireann cheana féin i Roinn 5 go mbeadh freagracht maidir le feidhmeanna slánchóirithe ar Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. Bheadh aistriú shainordú an GFI maidir le ticéadú slánchóirithe go dtí an tÚdarás nua i gceist leis sin. Mhol an Fhoireann níos luaithe chomh maith gur chóir an tÚdarás nua a bheith freagrach as conarthaí a dhéanamh leis na trí fhochuideachta oibriúcháin de chuid CIÉ maidir lena gcuid seirbhísí iompair phoiblí i MLBÁC. Tuigeann an Fhoireann go bhfuil taithí ábhartha ag an GFI maidir le hidirbheartaíocht agus maoirseacht i gcás chonradh oibriúcháin Luas le Connex, rud a bheidh ina bhuntáiste ag an Údarás nua nuair a ghlacann sé na feidhmeanna níos leithne maidir le soláthar ar sheirbhis chuige féin. Seachas an saineolas atá i mBaile Átha Cliath ar sholáthar seirbhísí a scaipeadh ar fud dhá áisíneacht (an GFI ag déanamh an tsoláthair maidir le seirbhísí Luas/Metro agus an tÚdarás ag déanamh an tsoláthair maidir le seirbhísí CIÉ), **molann an Fhoireann go mbeadh an saineolas ar fad ar sholáthar seirbhíse i MLBÁC lonnaithe i gcomhlacht amháin, eadhon in Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath**.

Tar éis cinneadh gur cheart an fhreagracht maidir leis na trí thogra iarnróid, maidir le ticéadú slánchóirithe agus le soláthar do sheirbhísí iompair phoiblí a bheith ar an Údarás nua go díreach, rinne an Fhoireann ansin an ról a bheadh feasta ag an GFI a mheas. Chinn an Fhoireann go mb'fhearr cuíchóiriú a dhéanamh ar na struchtúir reatha maidir le bearta a thabhairt i gcrích. **Dá réir sin, molann an Fhoireann go dtabharfaí an GFI isteach faoi scáth Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. Moltar chomh maith gur tráth a roghnódh an tÚdarás nua a tharlódh sin.**

Ní mholann an Fhoireann go dtarlódh an cónascadh sin go díreach tar éis bhunú reachtúil Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. Bíonn an chéad chéim de ré gach Údaráis nua cinniúnach. Céimeanna cinniúnacha iad bunú an Bhoird nua, earcú an duine ceart ag an mBord sin i bpost lárnach an Phríomhfheidhmeannaigh agus earcú na foirne bainistíochta sinsearaí tar éis próiseas chomórtais oscailte agus is leo a chruthaítear cultúr na heagraíochta nua agus a ullmhaítear é don rath a bheidh air. Bheadh an Fhoireann den tuairim láidir go mbeidh deis ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath cultúr dá chuid féin a bhunú sula rachfar i gceann an GFI a thabhairt isteach faoina scáth. D'fhonn cinntiú gur de réir toil an Údaráis a socraítear tráth aon athraithe, molann an Fhoireann go sonrófaí sa reachtaíocht trína mbunaítear an tÚdarás nach

mbeadh gá le haon bheart eile seachas a iarraidh go foirmeálta ag an Údarás ar an Aire chun tús a chur le nós imeachta trína bhforáiltear d'aistriú reachtúil ar fheidhmeanna gan mhoill agus tabhairt isteach an GFI faoin Údarás.

Leanacht ag Dul chun Cinn

Agus é á mholadh go ndéanfadh an tÚdarás nua bainisitiú díreach ar na trí mórthogra iarnróid, tá de rún daingean ag an bhFoireann nach gcuirfeadh sin aon mhoill ar a dtabhairt i gcrích. Tuigeann an Fhoireann go maith gur chuir an GFI tús le hobair ullmhúcháin thábhachtach maidir le Metro Ó Thuaidh go díreach tar éis seoladh Iompar 21 ar an 1 Samhain anuraidh agus go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta cheana féin. Chuir an GFI comhairliúchán poiblí ar bun i mí Feabhra 2006. Ba mhaith leis an bhFoireann a chinntiú go leanann an seoladh atá curtha ag an GFI faoin togra ríthábhachtach sin. Is é Iarnród Éireann atá freagrach as an Idirnascaire faoi láthair. Táthar ag súil go mbeidh tús leis an leis an gcéad chuid den phleanáil sa bhliain 2006 agus go gcuirfear dlús leis an obair sna blianta dar gcionn d'fhonn tús a chur leis an obair thógála sa bhliain 2010. Faoi mar atá faoi láthair, tá an dá áisíneacht éagsúla ag tabhairt i gcomhar faoin tsaoráid acomhail i bhFaiche Stiabhna, an dá eagraíocht ag cinntiú go dtiocfaidh an dearadh agus an tsonraíocht maidir lena gcuid tograí féin le chéile ionas go mbeidh saoráid slánchóirithe go dáiríre ag an bpointe acomhail tábhachtach.

D'fhonn cinntiú go leantar den dul chun cinn ar na trí thogra thábhachtacha seo, molann an Fhoireann go ndéanfaí mar seo a leanas go ceann tamaill:

- Ba cheart don GFI leanacht ag baint a chuid feidhmeanna amach agus ba chóir dó cinntiú go leantar den dul chun cinn maidir le Iompar 21 a thabhairt i gcrích. Tá sé fíorthábhachtach go leanfadh an GFI ag dul chun cinn leis an obair thábhachtach ar Metro ó Thuaidh.

- Ba cheart do Iarnród Éireann leanacht ag cur an obair réamhullmhúcháin thábhachtach ar an Idirnascaire chun cinn.

- Ba cheart leathnú a dhéanamh gan mhoill ar an sainordú ón Roinn Iompair chun lánfhreagracht a chur ar an GFI as an bpleanáil, an dearadh agus an tógáil ar shaoráid acomhail Fhaiche Stiabhna ina iomláine. Leanfaidh cur chuige an chomhair, mar atá idir Iarnród Éireann agus an GFI cheana, i leith an togra seo, ar ndóigh.

Tá molta ag an bhFoireann cheana féin i Roinn 5 go mbeadh de scóip ag an Údarás nua, tar éis a bhunú go reachtúil, soláthar don infrastruchtúr iompair phoiblí go díreach dé féin, an soláthar a leagan ar an tríú páirtí, nó coinníollacha eile a leagan síos maidir le haon togra a ndéantar soláthar dó le cistí caipitil, de réir mar is dóigh leis a bheith cuí. Ciallaíonn sin go mbeidh de scóip ag an Údarás nua smacht díreach a ghlacadh ar aon cheann nó ar na trí cinn de na tograí iarnróid go díreach tar éis a bhunú go reachtúil, má chinntear go mba mhaith an rud sin. Beidh de chead ag an Údarás chomh maith ligean do na háisíneachtaí reatha leanacht ar aghaidh leis an obair thábhachtach ag cur na dtograí chun cinn go dtí go dtagann an t-am ar dóigh leis an Údarás nua go bhfuiltear ullamh chun an fhreagracht dhíreach a thógáil air féin.

I measc na nithe tábhachtacha a bheadh le cur san áireamh ag an Údarás maidir le socrú cén uair ba cheart dó an fhreagracht maidir leis na trí thogra a ghlacadh air féin go díreach, bheadh siad seo a leanas:-

- an gá doshéanta a bhaineann le cur i bhfeidhm éifeachtúil, tráthúil a chinntiú;
- gá a laghad cur isteach agus is féidir a bheith ann agus an muinín a bheadh as an Údarás sa mhargadh a chaomhnú;
- éifeachtacht na bhfoireann sna háisíneachtaí atá ann cheana féin i mbun bhainistiú na dtograí; agus
- foireann lánscile a bheith ar fáil taobh istigh den Údarás féin a dhéanfadh bainistíocht ar na tograí.

Is é tuairim na Foirne go mbeidh an tÚdarás nua, ar a bhunú go reachtúil agus ar acmhainní cuí[7] a chur ar fáil dó, i riocht mhaith chun cinneadh ar bhearta cinniúnacha mar sin. Ba cheart go mbeadh scóip den chineál céanna ag an Údarás nua maidir le socrú cén uair a ghlacfaidh sé an fhreagracht ón GFI as feidhmeanna maidir le ticéadú slánchóirithe agus soláthar do sheirbhísí iompair phoiblí.

Mar fhocal scoir, is mian leis an bhFoireann a rá go soiléir nach gá ceangal idir cinneadh de chuid an Údaráis glacadh le haon cheann de na feidhmeanna sin agus cinneadh maidir leis an am a dtabharfaí an GFI féin isteach faoina scáth go hiomlán. D'fheicfí go réidh go dtarraingeodh an tÚdarás nua feidhm áirithe chuige féin sula dtabharfaí an GFI féin isteach faoina scáth. Ba cheart go mbeadh de scóip ag an Údarás an cinneadh sin a dhéanamh é féin. Ar chuma ar bith, is léir go mbeidh réimse iomlán cumhachta ag an Údarás nua, ón am a gceaptar de réir reachta é, a bhféadfaidh sé leas a bhaint as chun tionchar a imirt ar an dul chun cinn ar thograí caipitil, na trí mórthogra iarnróid san áireamh. Beidh de scóip ag an Údarás, mar shampla, coinníollacha a leagan síos d'aon áisíneacht maidir le haon togra iompair phoiblí nó bhainistiú tráchta a ndéantar soláthar dó le cistí caipitil MLBÁC. Beidh de chumhacht aige faoin reachtaíocht chomh maith an fhreagracht maidir le togra a ghlacadh chuige féin, sa chás gur dóigh leis gur chuí sin. D'fhéadfadh an tÚdarás leas a bhaint as aon cheann de na cumhachtaí sin sula dtugtar an GFI isteach faoina scáth.

Oibreoirí Luas (Connex faoi láthair) agus Oibreoirí Metro san am atá ag teacht

Is é an príomhról a bheidh ag an Údarás maidir le seirbhísí iompair phoiblí a bheith ina údarás dhéanta conarthaí. Beidh oibreoirí Luas agus Metro ina soláthraithe seirbhíse tábhachtacha agus gnéithe tábhachtacha den ghréasán iompair phoiblí slánchóirithe á n-oibriú acu. Beidh gaol soiléir ar bhonn conartha idir an tÚdarás nua agus oibreoirí Luas agus Metro, arna roghnú tar éis tairisceana oscailte. Ó tharla go mbeidh margadh iomaíochta i gceist, agus gur go ceann tréimhse a gcuid conarthaí amháin a leanfadh aon cheart a bheadh dlite do na hoibreoirí, ní bheidh aon ghá le smachtbhearta eile ar nós na gcumhachtaí maidir le ceapacháin ar an mBord a luadh cheana mar gheall ar CIÉ agus a chuid fochuideachtaí oibriúcháin. Tá an Fhoireann sásta go bhfágfaidh na socruithe conartha maidir le hoibreoirí Luas agus Metro cinntiú dearfa ag an Údarás go mbeidh a chuid riachtanas á sásamh maidir le seirbhísí iompair phoiblí slánchóirithe a chur ar fáil.

Oibreoirí Príobháideacha ar Sheirbhísí Bus Iompair Phoiblí

Tá molta ag an bhFoireann thuas go leanfadh an tAire Iompair ag ceadúnú oibreoirí príobháideacha sheirbhísí bus iompair phoiblí i MLBÁC faoin Acht Iompair ar Bhóithre 1932 go dtí go dtugtar isteach reachtaíocht nua a dhéanfadh é a leasú. Tá molta chomh maith ag an bhFoireann go ndéanfadh Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath soláthar do chórais ticéadaithe agus eolais slánchóirithe don iompar poiblí agus gur cheart go mbeadh de chumhacht aige

[7] Díreoidh an Fhoireann ar riachtanais acmhainne an Údaráis nua i ranna níos faide síos sa tuairisc seo.

rannpháirtíocht sa dá chóras sin a éileamh ar na soláthraithe ar fad (oibreoirí príobháideacha busanna san áireamh). Bheadh le háireamh ansin cumhacht, *inter alia*, ag an Údarás a éileamh go gcuirfí trealamh isteach nó go gcuirfeadh oibreoirí busanna príobháideacha eolas maidir le bealaí agus seirbhísí ar fáil d'fhonn a úsáid i gcóras eolais slánchóirithe.

Go dtí go dtugtar isteach reachtaíocht nua chun an tAcht Iompair ar Bhóithre, 1932 a leasú, is léir gur leis an Aire Iompair a bheidh an gaol is tábhachtaí ag oibreoirí bus príobháideacha. Cothóidh an tÚdarás nua gaol leo chomh maith d'fhonn rialú a dhéanamh ar a gcuid rannpháirtíochta i gcóras ticéadaithe slánchóirithe agus i gcóras eolais slánchóirithe. Cinnteofar leis sin go mbeidh oibreoirí príobháideacha freisin ina gcuid den ghréasán iompair phoiblí slánchóirithe i MLBÁC.

Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath

De réir na moltaí a leagtar amach i Roinn 5, aistreofar gach feidhm atá faoi láthair le hOifig Iompair Bhaile Átha Cliath go dtí Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. Mar gheall ar an ngá dúbailt saothair a sheachaint agus an luach is fearr ar an airgead a chinntiú, molann an Fhoireann gur cheart OIBÁC a scor, tráth a roghnódh an tÚdarás nua tar éis a bhunú go reachtúil. Ba cheart go gcinnteodh foráil de chuid na reachtaíochta go dtarlódh sin gan gá le haon bheart eile nuair a chuirfeadh an tÚdarás iarratas foirmeálta chuig an Aire.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Is é tuairim na Foirne gur cheart go mbeadh an ÚBN freagrach i gcónaí as bainistíocht iomlán ar chlár infheistíochta na mbóithre náisiúnta, bainistíocht ar infheistíocht dá leithéid i MLBÁC san áireamh. Ní bheadh ann ach dúbailt gan fiúntas cumhacht maidir leis sin a thabhairt do Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath.

Cé go mbeidh na cumhachtaí ginearálta céanna ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath maidir le ÚBN agus a bheidh aige maidir leis na háisíneachtaí eile, is é tuairim na Foirne go n-oibreoidh an ÚBN i MLBÁC mar a dhéanadh, tríd is tríd, taobh amuigh de thrí chás thábhachtacha:-

- Déanfaidh Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath maoirseacht straitéiseach maidir leis an gclár bóithre náisiúnta a bheartófaí do MLBÁC. Beidh de chumhacht aige ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath treoirlínte comhairleacha agus treoracha sainordaithe a eisiúint le ÚBN sa chás go mbeadh an clár beartaithe maidir le bóithre náisiúnta ag dul in aghaidh an straitéis iompair slánchóirithe i MLBÁC ar bhealach ábhartha.

- Beidh coinníolll nua ar ÚBN dul i mbun caidrimh leanúnaigh le hÚdarás Iompair Bhaile Átha Cliath d'fhonn an bhainistíocht is fearr a chinntiú ar thrácht bóthair le linn an obair thógála ar thograí Iompar 21 i MLBÁC agus le linn cláir mhóra infheistíochta i gcúrsaí iompair ina dhiaidh sin freisin.

- Beidh gá aon mholtaí de chuid ÚBN maidir le bainistíocht ar thrácht nó bainistíocht ar éileamh, aon scéimeanna nua a bheartófaí don M50 san áireamh, a chur faoi bhráid Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath d'fhonn a thoiliú leo a fháil sula gcuirtear i bhfeidhm iad.

Is é an gaol idir Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath agus ÚBN i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath a gcuirtear síos air thuas. I bhfianaise réimse i bhfad níos leithne i gceist leis an gclár

infheistíochta taobh amuigh de MLBÁC, is léir gur leis an Aire Iompair a bheidh an gaol tuairiscithe is tábhachtaí ag ÚBN i gcónaí.

Údaráis Réigiúnacha agus Údaráis Áitiúla

Rinneadh cur síos cheana i Roinn 5:-

- ar an gcaidreamh a mholtar idir Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath agus na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla d'fhonn cur chuige dlúth, éifeachtúil maidir le húsáid na talún agus slánchóiriú ar chúrsaí iompair a chinntiú; agus

- ar an gcaidreamh a mholtar idir an tÚdarás Iompair nua agus na húdaráis áitiúla d'fhonn cur chuige polasaí slánchóirithe a chinntiú maidir le bainistíocht ar thrácht bóthair ar fud an réigiúin.

Is é tuairim na Foirne go leanfaidh na húdaráis áitiúla, tríd is tríd, den obair thógála agus chothabhála ar bhóithre neamhnáisiúnta taobh istigh den chreat straitéise a leagfaidh an tÚdarás síos.

7 Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- Struchtúr agus Eagrúchán

Rinne an Fhoireann machnamh ansin maidir leis an struchtúr ab fhearr a ligfeadh don Údarás nua an sainordú a bheadh aige a chur i bhfeidhm go héifeachtach, críochnúil. I measc na gceisteanna ba thábhachtaí a thug an Fhoireann san áireamh, bhí siad seo a leanas:-

- An Bord feidhmiúcháin nó neamhfheidhmiúcháin ab oiriúnaí i bhfianaise scóip agus mórthábhacht an tsainordaithe a bheadh ag an Údarás nua;
- An ról feidhmiúcháin nó neamhfheidhmiúcháin ba cheart a leagan ar Chathaoirleach an Bhoird (ar na cúiseanna céanna);
- Conas ba cheart tabhairt faoi cheist na freagrachta; agus
- Cén struchtúr eagrúcháin inmheánach ba cheart a chur i bhfeidhm ag an ardleibhéal chun ligean don Údarás na príomhfheidhmeanna a bheadh aige a chur i bhfeidhm ar a mbisiúla.

Leagtar amach plé na Foirne leis na ceisteanna sin thíos.

An Cathaoirleach agus an Bord

Cé go n-aithnítear mórscála agus mórsuntas na hoibre atá le déanamh ag an Údarás nua, tá an Fhoireann an-aireach faoi fhabhar a bheith le Bord neamhfheidhmiúcháin de réir an tsárchleachtais sa rialachas corparáideach. Is dóigh leis an bhFoireann go bhfuil buntáistí cinniúnacha le gnóthú as Feidhmeannas saindírithe a chur isteach agus an dearcadh níos neamhspleáí a bheadh ag Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin agus Bord neamhfheidhmiúcháin a chur os a choinne sin. Cé gur Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin is mó a bheadh ar an mBord, ba cheart go mbeadh an Príomhfheidhmeannach agus líon beag de na feidhmeannaigh is tábhachtaí air chomh maith, de réir an dea-chleachtais sa rialachas corparáideach.

Freagracht

Bhí an fhreagracht ina hábhar buartha agus luadh sin sa chomhairliúchán i scríbhinn chomh maith leis na cruinnithe láithreacha. Bíonn tionchar cinniúnach ag éifeachtúlacht an chórais iompair i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath ar chaighdeán an tsaoil ag daoine ar fud an réigiúin, chomh maith le tionchar suntasach a bheith aige ar chúrsaí gnó agus tionsclaíochta ó thaobh na hiomaíochta agus an toradh eacnamaíochta de. Faoi mar atá faoi láthair, is ar an Aire Iompair atá an fhreagracht pholaitiúil maidir le hinfrastruchtúr agus seirbhísí iompair a thabhairt i gcrích i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus tá seisean freagrach don Oireachtas. Léiríodh tríd an gcomhairliúchán go raibh an moladh go n-aistreofaí an fhreagracht maidir leis an tabhairt i gcrích go dtí áisíneacht feidhmiúcháin i mBaile Átha Cliath ina ábhar buartha maidir le heaspa daonlathais a d'fhéadfadh tarlú. Ghlac an Fhoireann leis go raibh tábhacht le freagracht dáiríre agus cinneadh gur cheart díriú ar na hábhair bhuartha a tarraingíodh anuas faoi sin ar dhá mhodh. Ba cheart go gcinnteofaí leis an reachtaíocht trína mbunófaí Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath go mbainfeadh na gnáthshocruithe maidir le freagracht don Oireachtas[8] leis an Údarás chomh maith. Ba cheart go bhforálfaí sa reachtaíocht chomh maith do Chomhairle Chomhairleach a bhunú a mbeadh bonn leathan ionadaíochta ag baint léi.

[8] Ba cheart go bhforálfaí sa reachtaíocht go bhféadfadh go ndlífí ar an gCathaoirleach agus ar an bPríomhfheidhmeanna teacht os comhair Choiste de chuid an Oireachtais mar gheall ar an gcaoi a bhfuil an tÚdarás ag cruthú.

Chuirfeadh an Chomhairle Chomhairleach comhairle ar an Údarás nua agus é ag déanamh a chuid feidhmeanna.

Molann an Fhoireann:-

- **Gur chóir Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a bhunú de réir reachta agus Lucht Feidhmiúcháin saindírithe a bheith ag tuairisciú le Bord neamhfheidhiúcháin faoi chathaoirleacht Chathaoirligh neamhfheidhmiúcháin; agus**

- **Gur cheart go ndéanfadh Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin an Bhoird cathaoirleacht chomh maith ar Chomhairle Chomhairleach reachtúil a mbeadh bonn leathan ionadaíochta ag baint léi.**

Tugtar cur síos ar an mBord, ar an bhFeidhmeannas agus ar an gComhairle Chomhairleach thíos. Tugtar orgánagram faoi Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath in Aguisín III.

An Bord

Ba cheart go mbeadh deich gcomhalta, arna gceapadh de réir reachta ag an Aire Iompair, ar an mBord:-

- Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin;;
- Triúr Stiúrthóirí Feidhmiúcháin (Príomhfheidhmeanna, Stiúrthóir Infrastruchtúir agus Stiúrthóir Seirbhísí); agus
- Seisear Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin.

Ba cheart go gceapfaí an triúr Stiúrthóirí feidhmiúcháin *ex officio*. I bhfianaise a shuntasaí agus a bheadh nascadh éifeachtúil idir na seacht n-údarás áitiúil i MLBÁC agus an tÚdarás Iompair nua a bheartaítear agus i bhfianaise a ríthábhachtaí agus a bheadh an nascadh idir an tÚdarás nua agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go háirithe, molann an Fhoireann gur cheart Bainisteoir Cathrach Bhaile Átha Cliath a cheapadh *ex officio* ar dhuine den seisear Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin.

Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin a cheapadh

Is é an tAire Iompair a cheapfadh an Cathaoirleach agus na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin eile as liosta daoine a mholfaí de réir aontú an Phainéil Ainmniúcháin ar a mbeadh siad seo a leanas (nó toscairí thar a gceann):-

- Uachtarán na hArd-Chúirte
- Rúnaí Ginearálta na Roinne Iompair
- Uachtarán Chónaidhm Gnó agus Fostóirí na hÉireann;
- Uachtarán Chomhairle Feidhmiúcháin Chomhdháil na gCeardchumann;
- Cathaoirleach an National Consumer Agency;
- Cathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Míchumais;
- Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath; agus
- Uachtarán Institiúid Chairte Loighistice agus Iompair na hÉireann.

Ar an gcéad dul síos, d'iarrfadh an Painéal Ainmniúcháin iarratais ó dhaoine a mba spéis leo feidhmiú mar Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar an mBord. Tar éis don Phainéal na hainmniúcháin a chur faoi bhráid, bheadh de cheart ag an Aire na daoine a ainmnítear a

cheapadh nó an cás a chur ar ais faoi bhráid an Phainéil Ainmniúcháin arís d'fhonn a mheas tuilleadh. Tá cur chuige cosúil leis i bhfeidhm cheana féin i gcás an Bhord Pleanála.

Feidhmeanna

Ba cheart go mbeadh Feidhmeannas lán acmhainne, saineolais, gairmiúil ag an Údarás faoi cheannasaíocht Phríomhfheidhmeannach an Údaráis agus seisear stiúrthóir ag tuairisciú go díreach leis:-

- Stiúrthóir Infrastruchtúir;
- Stiúrthóir Seirbhísí;
- Stiúrthóir Slánchóirithe;
- Stiúrthóir Tráchta;
- Stiúrthóir Pleanála; agus
- Stiúrthóir Airgeadais.

Tá moladh maidir le dáileadh na bhfeidhmeanna ar na Stiúrthóirí éagsúla in Aguisín IV.

Comhairle Chomhairleach

Ba cheart go mbeadh Comhairle Chomhairleach reachtúil ag an Údarás faoi chathaoirleacht Chathaoirleach an Bhoird agus cruinnithe den Chomhairle ann go rialta. Ba cheart go mbeadh na feidhmeanna seo a leanas ag an gComhairle Chomhairleach:-

- Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an gComhairle le linn don straitéis iompair slánchóirithe do MLBÁC agus na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha a bheith á n-ullmhú.

- Ba cheart go ndéanfadh sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm an straitéis iompair slánchóirithe agus go ndéanfaí aon mholtaí a mheasfaí a bheith oiriúnach leis an Údarás agus go mbeadh dlite ar an Údarás na moltaí a thabhairt san áireamh.

- Ba cheart go mbeadh de chumhacht aige moltaí a dhéanamh leis an Údarás maidir leis na feidhmeanna reachtúla agus go mbeadh dlite ar an Údarás na moltaí sin a thabhairt san áireamh.

- Ba cheart go mbeadh sé i dteideal eolas ginearálta a fháil ag gach cruinniú ar obair an Údaráis, ach nach mbeadh i gcás cúrsaí corracha ó thaobh tráchtála de nó maidir le cúrsaí rúnda a gcuirfeadh a nochtadh bac ar an Údarás i ndéanamh de réir a chuid feidhmeanna.

Ba cheart gurbh é an tAire a cheapfadh comhaltaí na Comhairle Comhairlí agus ba cheart go mbeadh leagan amach na gcomhaltaí cosúil lena leagtar amach anseo:-

- Cathaoirleach an Údaráis a dhéanfadh cathaoirleacht ar an gComhairle Chomhairleach chomh maith;
- Comhalta tofa amháin as gach Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath (seachtar ar fad);
- Bainisteoir gach Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae i MLBÁC (seachtar ar fad); agus

- Cúig chomhalta déag eile a cheapfadh an tAire ó phainéil éagsúla ag teacht lena moltar thíos.

Cur chuige an Phainéil maidir le Comhairle Chomhairleach a cheapadh
Thabharfaí de chumhacht de réir reachta don Aire eagraíochtaí a cheapadh mar seo a leanas:

- eagraíochtaí a bhíonn ag plé le forbairt eacnamaíochta, shóisialta nó eile i MLBÁC nó a dhéanann ionadaíocht ar son dhaoine atá ag plé lena leithéid;
- eagraíochtaí a bhíonn ag plé le forbairt phobail nó le leasanna sóisialta, eacnamaíochta, comhshaoil nó ginearálta phobail i MLBÁC a chur chun cinn; agus
- eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann daoine a mbaineann a ngairm bheatha nó a slí maireachtála le hiompar, pleanáil ar úsáid na talún, dearadh uirbeach, ailtireacht nó innealtóireacht shibhialta.

Thabharfadh an tAire ansin cuireadh do gach eagraíocht a cheapfaí duine oiriúnach a ainmniú ar cheann de na trí phainéal sin. Go fiorghinearálta, d'fhéadfaí a rá go mbaineann na trí phainéal faoi seach le hionadaíocht ar son:-

- leasanna gnó agus eile;
- leasanna pobail agus eile; agus
- eagraíochtaí gairme.

Nuair a bheadh na daoine ainmnithe ar na painéil chuí ag na heagraíochtaí a ceapadh, dhéanfadh an tAire athbhreithniú ar liostaí na ndaoine a ainmníodh ar gach painéal agus roghnódh sé roinnt daoine as gach painéal d'fhonn a gceapadh ar an gComhairle Chomhairleach.

Bíonn cur chuige mar é i bhfeidhm cheana féin faoi Alt 16 den Acht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997.

8 Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- Riachtanais Acmhainní Daonna

Beidh smacht iomlán ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath ar an gciste chaipitil deich mbliana €12.8 billiún atá curtha ar fáil don infheistíocht in iompar poiblí agus i mbainistíocht ar thrácht bóthair i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus is é a bheidh freagrach as Iompar 21 a thabhairt i gcrích sa phríomhchathair agus sa réigiún. Beidh smacht ag an Údarás ar an mbuiséad reatha chomh maith maidir le deontais iompair phoiblí sa phríomhchathair. Leagfar amach agus déanfar monatóireacht ar chaighdeán na seirbhíse atá le baint amach agus cinnteofar go mbíonn turas taistil gan siúnta le modhanna éagsúla taistil ar fáil do lucht úsáide an chóras iompair phoiblí slánchóirithe chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an mbainistíocht ar thrácht bóthair.

Is iomaí deacracht roimh an Údarás. Ní facthas cheana obair thógála ar an scála a mbeidh bainistíocht le déanamh uirthi agus Iompar 21 á thabhairt chun cinn ar fud MLBÁC. Ba tionscnaimh aonair a bhí sa tógáil a rinne áisíneachtaí go dtí seo ach á i bhfad níos mó nódanna acomhail á mbeartú do ghréasán na linne atá ag teacht, rud a fhágann gá níos géire le dearadh/tógáil slánchóirithe agus comhoibriú leanúnach. Is é an ní is cinniúnaí maidir le toradh sásúil don Údarás, é a bheith faoi stiúir dhuine a bhfuil de cháil ar an té sin gur éirigh leis bainistíocht a dhéanamh ar thograí caipitil mórscála, ardbhaoil, a bhfuil scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth aige agus a bhfuil ar a chumas eagraíochtaí agus daoine éagsúla a tharraingt le chéile.

Ó tharla nach facthas obair ar an scála a bhaineann le clár Iompar 21 do MLBÁC in Éirinn go fóill, is dócha gur ar an margadh idirnáisiúnta a d'aimseofaí an té ag a mbeadh an taithí agus an saineolas is gá chun dul i gceannas ar Fheidhmeannas an Údaráis. Tá fíorthábhacht leis an duine ceart don phost an Phríomhfheidhmeannaigh a aimsiú agus a earcú. Is de réir an mhargadh earcaíochta domhanda do lucht móréachta a shocrófar ráta an luach saothair dá leithéid. Ní tharraingeoidh aon ní is lú ná pacáiste cúitimh suntasach iarrthóirí den chineál ceart. Beidh pacáistí mar iad de dhíth chun na daoine ardscile is gá chun foireann bhainistíochta sinsearaí a chur le chéile. Beidh gá chomh maith rátaí an mhargaidh idirnáisiúnta a íoc i gcás na scileanna gairme agus teicniúla a bheidh de dhíth ar fud an Údaráis, go háirithe nuair atá ganntan daoine ann nó an-ghlaoch orthu ar fud an domhain.

Molann an Fhoireann:-

- **Gur tar éis cuardach ar fud an domhain ba cheart Príomhfheidhmeannach do Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a earcú. Níor cheart go gcuirfí bac maidir leis an bpacáiste tuarastail agus luach saothair don Phríomhfheidhmeannach leis na gnáthmhodhanna smachta a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair do Phríomhfheidhmeannaigh Chomhlachtaí Stáit.**

- **Gur cheart an tsaoirse a bhíonn faoi láthar ag Comhlachtaí Stáit tráchtála maidir le hearcaíocht agus luach saothair i gcás bhaill foirne a thabhairt don Údarás nua, ainneoin an stádais mar Chomhlacht Stáit neamhthráchtála.**

Beidh toradh fónta a bheith ar an Údarás beartaithe ag brath go mór ar na moltaí sin a chur i bhfeidhm.

Is deacair go fóill riachtanais iomlána an Údaráis maidir le hacmhainní daonna a mheas go dtí go mbíonn deis a mheas conas is fearr a bhainfí a chuid feidhmeanna amach. Má shocraítear gur cheart feidhmeanna áirithe a bheith á mbaint amach go díreach ag an Údarás, beidh tionchar aige sin ar chúrsaí acmhainní. Is é tuairim na Foirne gur chóir buiséad riaracháin suntasach a thabhairt don Údarás ón tús i bhfianaise an réimse leathan cúraimí. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh air sin ó thaobh a chruinne is atá sé de réir mar a bhíonn a chuid feidhmeanna measta ag an Údarás.

Tá an saineolas agus na tréithe a bheidh de dhíth ar an bPríomhfheidhmeannach a bheidh ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath measta ag an bhFoireann. Bainfidh freagracht leis an bpost mar gheall ar gach ceann de na feidhmeanna atá le baint amach ag an Údarás, mar a liostaíodh thuas, maidir le gach togra de chuid Iompar 21 i mBaile Átha Cliath le linn an gharthréimhse agus an mheántréimse, chomh maith le gach togra i mBaile Átha Cliath i gcláir thógála ina dhiaidh sin. Is trí chomórtas a dhéanfar earcú ar Phríomhfheidhmeannach, déanfar sonraíocht poist fhoirmeálta a dhréachtadh in am tráth. Ina dhiaidh sin féin, is dóigh leis an bhFoireann go bhfuil na critéir a luaitear thíos ar an sonraíocht is bunúsaí a bheadh san áireamh don phost.

Níor mhór d'iarrthóirí ar an bpost taithí bainistíochta den rath a léiriú ar thograí móra infrastruchtúir den chineál céanna leo sin a bhaineann le Iompar 21 agus, go háirithe, a gur tugadh i gcrích go tráthúil agus taobh istigh den bhuiséad iad. Beidh saineolas ar réimse leathan cineálacha conartha de dhíth, go háirithe ar na cineálacha is nuálaí chomh maith le scileanna bhainistiú togra ardéifeachtacha, críochnúla. Chomh maith leis sin, ba bhuntáiste taithí shuntasach ar sheirbhísí iompair phoiblí uirbeacha a bhainistiú. Beidh gá le scileanna ceannaireachta tréana agus le saintaithí theicniúil chomh maith le scileanna bhainistíocht airgeadais a bhfuil fianaise, lena n-áirítear fianaise ar chloí le buiséid tograí, orthu. Bheadh taithí ar phlé le gaol pholaitiúil agus gaol idiráisíneachtaí ina bhuntáiste mar a bheadh eolas maith ar pholasaithe agus rialacháin de chuid na hÉireann agus an AE maidir le soláthar.

9 Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- Riachtanais Acmhainní Eile

Aithníonn an Fhoireann go mbeidh buntáistí móra ag an Údarás agus ag na bainisteoirí togra ar fad i MLBÁC as an scóip a bhaineann leis an tréimhse caipitil deich mbliana. I bhfianaise fhad na tréimhse do MLBÁC, ba cheart go mbeadh deis ann – taobh istigh den bhuiséad foriomlán agus den tráthchlár a leagtar síos – chun díriú ar chásanna ina dtarlaíonn gá le beart airgeadais maidir le togra faoi leith níos luaithe nó níos deireanaí ná mar a bhíothas a thuar. Ábhar áthais ag an bhFoireann an cur chuige nua, ó is é tuairim na Foirne go mbeidh fíorthábhacht leis an tsaoirse a fhágann sé maidir le ligean don Údarás agus d'áisíneachtaí feidhme eile tabhairt faoin soláthar go héifeachtúil. D'fhonn scóip bhreise a thabhairt don Údarás, molann an Fhoireann go dtabharfaí d'údarás dó iasachtaí gearrthéarma suntasach a ghlacadh, suim de leithéid €1 billiún, b'fhéidir. Ligfeadh sin dó bainistíocht a dhéanamh ar éagothroime an chláir infheistíochta aige cé go bhfuil dlite air fanacht taobh istigh den phacáiste caipitil foriomlán faoi Iompar 21. Ba cheart go gceadófaí don Údarás ioncam a ghnóthaítear ó thobhaigh forbartha agus ranníocaíochtaí maidir le tograí iompair phoiblí agus ó aon scéimeanna san am atá ag teacht maidir le bainistíocht ar an éileamh chomh maith, a choinneáil agus an t-ioncam sin a chur in úsáid chun críche cúrsaí iompair taobh istigh de MLBÁC.

Tugadh faoi deara sna Cinntí Rialtais atá mar bhonn le Iompar 21 go raibh i gceist ag an Aire Iompair theacht ar ais chuig an Rialtas d'fhonn aontú sonrach a fháil le socruithe conartha críochnúla i gcás thogra Metro ó Thuaidh agus thogra an Idirnascaire. Luadh chomh maith go n-iarrfaí cead sonrach an Rialtais sula gceanglófaí socruithe conartha críochnúla maidir le haon togra eile de chuid Iompar 21 a raibh costas measta níos mó ná €500 milliún ag dul leis dá gcinnfeadh Grúpa Monatóireachta Iompar 21[9] go mba chóir. Tá an Fhoireann den tuairim daingean go mbeadh aon ghá an cás a chur faoi bhráid an Rialtais arís sula síneofaí conradh maidir le togra Metro ó Thuaidh agus togra an Idirnascaire go háirithe ina chonstaic suntasach maidir le haon idirbheartaíocht réamhchonartha agus go mbeadh toradh an mhíbhuntáiste aige ar cháil an Údaráis sa mhargadh.

Tuigeann an Fhoireann gur riachtanas dosháraithe é ag an Rialtas bainistíocht a dhéanamh ar an gcaiteachas poiblí foriomlán agus aithnítear go mbeadh tionchar mór airgeadais ag na tograí is suntasaí de chuid Iompar 21 in mbliain airgeadais amháin. Ina fhianaise sin uilig, molann an Fhoireann nach mbeadh aon dualgas iomlán ar aon áisíneacht soláthair cead an Rialtais a lorg sula síníonn an áisíneacht conradh críochnúil maidir le Metro ó Thuaidh, an tIdirnascaire ná aon togra ainmnithe eile dar luach níos mó ná €500 milliún. Molann an Fhoireann ina áit sin, go mbeadh de chumhacht ag an Údarás cinneadh mar gheall ar na tograí sin, ar an gcoinníoll nach sáródh an buiséad iomlán a bheifí a aontú faoin gconradh na meastacháin do na tograí a cuireadh ar fáil in Iompar 21. Sa chás gur airde na figiúirí ná na cinn a leagtar amach in Iompar 21, ba cheart go mbeadh gá an cás a chur faoi bhráid an Rialtais d'fhonn a cheadú sula síneofaí an conradh. Is é tuairim na Foirne go sásófaí leis an gcur chuige nua sin riachtanas dosháraithe an Rialtais smacht ginearálta a choinneáil ar an gcaiteachas poiblí agus, ag an am céanna, go ligfeadh sé do Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a cháil sa mhargadh a chaomhnú. Is tábhachtach an ní é sin le tabhairt san áireamh i dtéarmaí na bpáirithithe conartha is fearr go hidirnáisiúnta a mhealladh chun cur isteach ar thograí de chuid Iompar 21, go háirithe ó cuireadh togra an Metro i láthair an mhargaidh cheana féin agus gur tarraingíodh siar ina dhiaidh sin é.

---

[9] Feidhmeoidh Grúpa Monatóireachta Iompar 21 faoi chathaoirleacht na Roinne Iompair. Tá ionadaíocht ar an nGrúpa ag Roinn an Taoisigh, an Roinn Airgeadaiss, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht Aireadais d'Fhorbairt Náisiúnta.

10 **Ceisteanna Soláthair**

Ba mhian leis an bhFoireann aird a tharraingt ar roinnt ceisteanna maidir le soláthar a tugadh faoi deara le linn phlé na Foirne féin ar chúrsaí agus i rith chruinnithe le háisíneachtaí in Éirinn agus thar lear. I bhfianaise an ghá géar atá le cur i bhfeidhm tráthúil, éifeachtúil ar thogra caipitil maidir le hiompar i MLBÁC, is dóigh leis an bhFoireann go mbeadh tairbe as na moltaí seo a leanas maidir le luach níos fearr a fháil ar an airgead agus le moill a sheachaint.

Scóip maidir le Cineálacha Conartha

Tuigeann an Fhoireann go maith an gá atá le luach an airgid a bhaint amach i gcás caiteachais poiblí. Tuigtear don Fhoireann go bhfuil an Roinn Airgeadais ag obair ar leagan de chonradh cnapshuime phraghas shocraithe. Is é atá i gceist, go mbainfeadh sin le hoibreacha arna maoiniú ag an Stát agus ag comhlachtaí poiblí agus go dtiocfadh sé in áit leaganacha conartha eile atá in úsáid faoi láthair d'oibreacha arna ndearadh ag an gcliant agus d'oibreacha arna ndearadh ag an gconraitheoir.

Tháinig dhá cheist chun cinn le linn an phlé leis na háisíneachtaí iompair. Ar an gcéad dul síos, bhíothas buartha maidir le cinntiú go bhfágfadh an cineál nua conartha de scóip an baol a leagan ar an gcéile conartha is fearr a bheadh in ann bainistiú a dhéanamh air, ionas go mbainfí amach dá réir sin an chothromaíocht chuí idir cinnteacht faoin gcostas agus an luach is fearr ar an airgead. Luadh go sonrach an bhainistíocht ar an obair ar bhóthar iarainn a bhí in úsáid nó i dtimpeallacht chathrach ina raibh deacrachtaí tráchta ionas nach bhféadfaí an tsaoirse chéanna a thabhairt do chonraitheoir maidir le sceidealú na hoibre agus a bheadh aige ar shuíomh neamhfhorbartha. Is den tábhacht é go bhforálfaí go cuí agus go héifeachtach don chineál sin ceiste leis an gcineál nua conartha.

Ba í an cheist eile a tháinig chun cinn le linn an phlé an gá atá ag áisíneachtaí iompair teacht a bheith acu ar chineálacha conartha níos nuálaí, mar shampla páirtnéireacht agus spriocphraghsáil, nuair a mheastar gurbh iad sin is oiriúnaí i gcás togra faoi leith. Le linn na cuairte ar an Ríocht Aontaithe, tugadh mioneolas don Fhoireann ar an gcur chuige páirtnéireachta a bhí in úsáid ag British Airports Authority maidir leis an togra do Terminal 5 ag Aerfort Heathrow. Mholfadh an Fhoireann do Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath an cineál sin agus cineálacha nuálacha eile conarthaí a iniúchadh agus an cur chuige is fearr maidir le soláthar d'infrastruchtúr iompair á mheas aige. D'áiteodh an Fhoireann ar an Roinn Airgeadais chomh maith an bealach a réiteach do mhalairt cur chuige maidir le conarthaí nuair atá bunús leo ó thaobh luach an airgid de. Á mholadh seo dóibh, tuigeann an Fhoireann nach mbeidh tairbhe as na modhanna eile conartha so ach amháin sa chás go bhfuil an tuiscint is gá ag an gcliant agus ag an gconraitheoir ionchais araon ar na modhanna agus ar na scileanna acu chun iad a chur i bhfeidhm go tairbheach.

An Bille Bonneagair Straitéisigh

Foilsíodh an Bille um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) le gairid. Tá beartaithe leis nós imeachta nua maolchóirithe pleanála a thabhairt isteach maidir le tograí infrastruchtúir straitéisigh agus Rannóg Bhonneagair Straitéisigh a bhunú sa Bhord Pleanála d'fhonn plé le cead dá leithéid. I gcomhthéacs chúrsaí iompair go sonrach, tá beartaithe leis an mBille leasú a dhéanamh ar fhorálacha maidir le horduithe iarnróid a dhéanamh. I measc na leasuithe atá beartaithe, tá aistriú an chumhacht dhéanta cinnidh maidir le hordú iarnróid ón Aire Iompair go dtí an Bord Pleanála, foráil do éisteachtaí roghnacha ó bhéal seachas fiosrúcháin phoiblí éigeantacha agus leasú ar an tráthchlár reachtúil maidir le céimeanna éagsúla de phróiseas an ordú iarnróid. Tabharfaidh na leasuithe sin an nós imeachta maidir le toiliú le hordú iarnróid

leis an nós imeachta maidir le mótarbhealaí. Tá fáilte ag an bhFoireann roimh fhorálacha an Bhille agus moltar a achtú go luath ag an Oireachtas.

Athbhreithniú Breithiúnach

Tarraingíodh anuas moill a chuirtear ar thograí infrastruchtúir de bharr imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh le linn chomhairliúchán na Foirne agus moladh go bhféadfaí an córas atá i réim faoi láthair a fheabhsú. Thug an Fhoireann faoi deara go bhfuil beartaithe leis an mBille Bonneagair Straitéisigh an dlí maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar thograí infrastruchtúir a leasú. Tuigtear don Fhoireann chomh maith go bhfuil athruithe déanta san Ard-Chúirt le gairid a shoirbheoidh do phróiseáil níos éifeachtaí ar iarratais ar athbhreithniú breithiúnach maidir le hinfrastruchtúr tábhachtach. Tá fáilte ag an bhFoireann roimhe sin agus d'áiteofaí ar na húdaráis chuí leanacht dá ndícheall maolchóiriú a dhéanamh ar na próisis maidir le hathbhreithniú breithiúnach agus acmhomharc.

An Praghas ar Thalamh a Fhaightear go hÉigeantach

Luadh buairt le linn an phróiseas comhairliúcháin maidir le praghsanna a síleadh a bheith an-ard a bheith á n-íoc ar thalamh a fhaightear go héigeantach chun críche infrastruchtúir, go háirith i bhfianaise na húsáide a bhí á baint as faoi láthair. Is cinnte gur ábhar buartha é sin i bhfianaise na tábhachta dosháraithe atá leis an luach is fearr a fháil ar an airgead faoi chlár infheistíochta Iompar 21. Cé go dtuigeann an Fhoireann go bhfuil ceisteanna móra bunreachtúla i gceist, moltar go leanfadh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus údaráis ábhartha eile ag iniúchadh bealaí chun déileáil go héifeachtúil leis an gceist seo mar bheart práinneach.

11 **Socruithe Eadramhacha**

Go dtí go n-achtaítear an reachtaíocht is gá, chun Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a bhunú agus tosach feidhme a chur lena chuid oibriúcháin reachtúla, molann an Fhoireann:-

- Go gceaptar Cathaoirleach Eadramhach agus Bord Eadramhach gan mhoill de réir an nós imeachta a mholtar i Roinn 7;

- Go dtosaíonn an Bord Eadramhach gan mhoill ar Phríomhfheidhmeannach do Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a earcú;

- Go dtugann an Príomhfheidhmeannach an struchtúr eagrúcháin agus foirne don Údarás nua chun cinn agus an tionchar cuí ag an mBord Eadramhach air sin agus go dtosaítear ar an earcaíocht le haghaidh postanna mórthábhachta agus don bhonn riaracháin; agus

- Go dtosaítear ar na socruithe praiticiúla maidir leis an Údarás reachtúil a bhunú lena n-áirítear áitribh a aimsiú, na córais oifige is gá a fháil, etc.

12 Conclúidí agus Moltaí

Leagtar amach thíos príomhchonclúidí agus príomh-mholtaí na Foirne.

Réimse Geografach Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

Molann an Fhoireann go gcuimseofaí faoi réimse geografach Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath ar fad i.e. Cathair Bhaile Átha Cliath féin maille leis na sé Chontae, Fine Gall, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara, an Mhí agus Cill Mhantáin. Molann an Fhoireann chomh maith go n-éilítear ar an Údarás an claonadh chun taisteal níos faide a dhéanamh a thabhairt san áireamh agus a chuid feidhmeanna á ndéanamh aige agus gur chóir go ndéanfadh sé soláthar ar sheirbhísí iompair phoiblí ar na príomhbhealaí taistil forada isteach go Baile Átha Cliath.

Réimse Feidhme Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

Is ceist mhór maidir le Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath an t-easpa maidir le cur chuige comhtháite sa tabhairt i gcrích agus sa bhainistíocht i gcúrsaí iompair. D'fhonn dul i gceann ábhair bhuartha a luadh maidir le cur chuige roinnt seachránach san am a caitheadh, molann an Fhoireann:-

- gur chóir freagracht iomlán a bheith ar Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath maidir le hiompar talún i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath;

- gur chóir go mbeadh freagracht ar an Údarás nua as réimse leathan feidhmeanna arbh iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna i gcúrsaí iompair:-

  - Pleanáil Straitéiseach i gcúrsaí Iompair;
  - Soláthar don Infrastruchtúr Iompair Phoiblí;
  - Soláthar do na Seirbhísí Iompair Phoiblí;
  - Rialú maidir le Táillí Iompair Phoiblí;
  - Córas Iompair Phoiblí Slánchóirithe a thabhairt i gcrích;
  - Bainistíocht ar Thrácht Bóthair;
  - Bainistíocht ar an Éileamh ar Dheiseanna Iompair; agus
  - Bailiú Sonraí & Taighde.

D'fhonn cinntiú go dtugtar faoi úsáid na talún agus pleanáil i gcúrsaí iompair ar bhealach comhtháite, molann an Fhoireann go leathnófaí réimse cúraim an Údaráis nua go mbeadh roinnt feidhmeanna maidir le húsáid na talún san áireamh ann freisin.

Múnla Institiúide

Ba dhá chúinse mhórthábhachta ag an bhFoireann an múnla institiúide a mholfaí a bheith éifeachtúil maidir le córas iompair slánchóirithe a thabhairt i gcrích i MLBÁC agus nach dtarraingeodh aon athruithe institiúideacha a mholfaí moill nár ghá maidir leis an obair fhíorthábhachtach ag cur Iompar 21 i bhfeidhm don phríomhchathair. Leagtar amach thíos príomhghnéithe an mhúnla institiúide atáthar a mholadh:

- Ní mór dóthain cumhachtaí reachtúla a bheith ag an Údarás chun cinntiú go bhféadann sé a chuid aidhmeanna straitéiseacha a thabhairt i gcrích, más go díreach é nó trí áisíneachtaí eile. Ní mór é bheith de chumhacht aige polasaí a leagan síos agus a chur i bhfeidhm go cinnte.

- Ní mór an fhreagracht straitéiseach fhoriomlán maidir leis na feidhmeanna éagsúla a leagtar amach i Roinn 3 a bheith ar an Údarás. Ní mór a bheith de chumhacht aige an chaoi ina gcuirtear gach feidhm acu sin i gcrích a shocrú, más ag an Údarás féin go díreach é nó trí áisíneacht feidhme atá ann cheana féin nó tríd an tríú páirtí. Ach amháin i mbeagán cás, feictear don Fhoireann go leanfaidh na háisíneachtaí sna rólanna atá acu a bheag nó a mhór i dtosach agus gur i gcás ina mba soiléir go gcuirfí go mór le caighdeán nó le luas an tsoláthair a thiocfadh an tÚdarás i gceann an chúraim nó a d'aistreodh sé feidhmeanna.

- Ní foláir an smacht ar mhaoiniú caipitil agus reatha an Stáit maidir le hiompar poiblí agus an bhainistíocht ar thrácht i MLBÁC a bheith ag an Údarás. Ba cheart go bhfanfadh an fhreagracht maidir le cistí do bhóithre náisiúnta ar an ÚBN, faoi réir ag forbhreithniú straitéiseach ag an Údarás.

Ciallaíonn sin go mbeidh an tÚdarás i gceannas ar chúrsaí iompar talún i MLBÁC agus go ndéanfaidh áisíneachtaí eile feidhme de réir sainordaithe arna leagan síos ag an Údarás sin.

<u>Cumhachtaí Reachtúla Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath</u>

Molann an Fhoireann de mbeadh de chumhacht reachtúil mar seo a leanas ag an Údarás chun na príomhfheidhmeanna atá aige a bhaint amach.

- *Pleanáil Straitéiseach ar Chúrsaí Iompair*
  Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás straitéis iompair slánchóirithe a ullmhú maidir le tréimse 12 – 20 bliain chomh maith le bheith de chumhacht aige cinntiú go gcloíonn na háisíneachtaí iompair leis an straitéis sin.

- *Soláthar don Infrastruchtúr Iompair Phoiblí*
  Faoi réir ag polasaí an Rialtais, ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás nua an clár infheistíochta don iompar poiblí i MLBÁC a shocrú. Is léir gurb iad na príomhchuspóirí infheistíochta atá leagtha amach ag an Rialtas in Iompar 21 a bheidh ag an Údarás go ceann tamaill. Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás soláthar don infrastruchtúr go díreach nó tríd an tríú páirtí. Cé go n-íocfaidh an tAire blocdheontais leis an Údarás chun críche infheistíocht chaipitil, ba cheart gur faoin Údarás amháin a bheadh cinneadh maidir le dáileadh na ndeontas sin ar thograí faoi leith. Ba cheart go mbeadh an réimse iomlán deismireachtaí conartha, páirtnéireacht san áireamh, ar fáil don Údarás nua.

- *Soláthar do Sheirbhísí Iompair Phoiblí*
  Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás plean gréasáin slánchóirithe a ullmhú ina leagfaí amach na seirbhísí iompair phoiblí atá le cur ar fáil de réir dualgais na seirbhíse poiblí le linn an mheántéarma (3 – 5 bhliana). Go dtí go dtarlódh reachtaíocht athchóirithe, ba cheart don Údarás soláthar do sheirbhísí iompair phoiblí agus conarthaí dualgais seirbhíse poiblí a bhronnadh go díreach i gcás seirbhísí bus agus iarnróid throim, agus trí bronnadh comórtais i gcás seirbhísí Luas agus Metro. Ba cheart don Údarás caighdeáin seirbhíse a shonrú agus a chur i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí iompair phoiblí agus rialú a dhéanamh ar tháillí iompair phoiblí. Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil é féin chomh maith, ach ní bhainfí leas as an gcumhacht sin ach amháin sa chás go mb'éigean, nuair a chlisfeadh ar oibreoir sa soláthar.

Chun críche na tuairisce seo, níor dhírigh an Fhoireann ach ar an *status quo* maidir le rialú an mhargaidh. Ina dhiaidh sin féin, nuair a bheidh reachtaíocht á rith san am atá romhainn chun athchóiriú a chur ar an Acht um Iompar ar Bhóithre 1932, molann an Fhoireann go bhforáilfí ann go dtabharfadh Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath faoi na feidhmeanna rialachais ar fad maidir le margadh Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Idir an dá linn, ba cheart cúraimí a leagan ar an Údarás maidir le soláthar do sheirbhísí iompair phoiblí mar a leagtar amach thuas agus ba cheart go leanfadh an tAire Iompair ar aghaidh ina údarás cheadúnú busanna faoi Acht na bliana 1932.

- *Slánchóiriú*
  Ba cheart go mbeadh an tÚdarás freagrach as córas iompair phoiblí slánchóirithe do MLBÁC a thabhairt i gcrích. Ba cheart go ndéanfadh sé aon bhranda amháin do gach seirbhís iompair phoiblí a fhorbairt agus a chur chun cinn; ba cheart go ndéanfadh sé an soláthar do chóras ticéadaithe slánchóirithe agus do chóras eolais slánchóirithe maidir leis an iompar poiblí go mbeadh de chumhacht aige rannpháirtíocht sholáthraithe iompair phoiblí sna córais sin a éileamh. Ba cheart dó cinntiú chomh maith go gcuirtear dea-shaoráidí ábhartha idirmhalartaithe ar fáil do lucht úsáide an chóras iompair phoiblí, páirceáil agus taisteal san áireamh.

- *Bainistíocht ar Thrácht Bóthair*
  Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás nua plean straitéise don bhainistíocht ar thrácht bóthair i MLBÁC a ullmhú, ina leagfaí síos polasaí uileghabhálach maidir le bainistíocht ar thrácht agus ina sonrófaí na caighdeáin sárchleachtais a chuirfí i bhfeidhm. Ba cheart go ndíreofaí sa phlean chomh maith ar pholasaithe chun rothaíocht agus coisíocht a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh dlite ar gach údarás áitiúil cloí leis an bplean. Ba cheart gur ar Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath chomh maith a bheadh an cúram maidir le comhordú a dhéanamh ar shocruithe bainistíochta ar an trácht le linn chéim na tógála de Iompar 21 agus mórchláir infheistíochta eile ina dhiaidh sin i gcúrsaí iompair. Ba cheart dó cinntiú go ndéantar córas eolais slánchóirithe do lucht úsáide na mbóithre i MLBÁC a sholáthar agus a chur ag obair.

- *Bainistíocht ar an Éileamh ar Dheiseanna Iompair*
  Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás plean feidhmíochta a ullmhú maidir le bainistíocht ar an éileamh lena mbainfeadh bearta fioscacha chun laghdú ar an úsáid as carranna a chur chun cinn, úsáid charranna i gcomhluadar san áireamh. Ba cheart gur ar an Údarás a leagfaí an cúram maidir le táillí plúchta i MLBÁC tar éis chinntí Rialtais sonracha agus achtú na reachtaíochta trína dtabharfaí na cumhachtaí reachtúla ba ghá agus ba cheart ansin go mbeadh ar a chumas an t-ioncam a thuillfí a chur chun sochair a chuid tionsnaimh iompair. Idir an dá linn, ba cheart go gcuirfí aon scéimeanna táillí a bheartódh an tÚBN do MLBÁC, lena n-áirítear aon scéimeanna maidir leis an M50, faoi bhráid an Údaráis nua d'fhonn a aontaithe.

- *Úsáid na Talún agus Slánchóiriú ar Chúrsaí Iompair*
  D'fhonn cinntiú go dtagann an phleanáil maidir le húsáid na talún agus maidir le cúrsaí iompair agus an cleachtas le chéile, molann an Fhoireann:-

  - gur cheart as seo amach go ndéanfaí na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do MLBÁC a aontú in éineacht ag Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath, ag Údarás Réigiúnach an Lár-Oirthir agus ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. Ba cheart

go mbeadh ról suntasach ag an dá Údarás Réigiúnacha chomh maith i gcomhthéacs an straitéis iompair slánchóirithe a aontú ag an Údarás Iompair nua.

- gur cheart go mbeadh ar gach údarás áitiúil a bheadh ag cur plean forbartha le chéile teastas a fháil ó Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, ag rá nach raibh an plean beartaithe ag dul in aghaidh an straitéis iompair slánchóirithe ar aon bhealach ábhartha. Ba cheart go mbeadh dlite ar údaráis áitiúla agus ar an mBord Pleanála straitéis iompair slánchóirithe MLBÁC a thabhairt san áireamh agus iarratais ar chead pleánála nó achomhairc á meas acu.

- Ba cheart go dtabharfaí de cheart, trí leasuithe eile ar reachtaíocht phleanála, don Údarás Iompair nua aighneachtaí agus moltaí a chur faoi bhráid údaráis ábhartha eile maidir le cúrsaí pleanála faoi úsáid na talún.

<u>An Gaol idir Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath agus Áisíneachtaí Éagsúla</u>

<u>CIÉ agus na Fochuideachtaí Oibriúcháin</u>
Ba cheart rialú a dhéanamh mar seo a leanas ar an ngaol idir an tÚdarás nua agus máthairchomhlacht CIÉ maille leis na trí fhochuideachta oibriúcháin.

- Ba cheart go gcinnteodh athruithe sa reachtaíocht gur faoi réir ag forálacha an Achta nua chun Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a bhunú amháin a bhainfí feidhm feasta as cumhachtaí, feidhmeanna agus dualgais reachtúla CIÉ agus na dtrí fhochuideachta oibriúcháin dá chuid chomh fada agus a bhainfeadh siad le MLBÁC.

- Ba cheart gaol díreach ar bhonn conartha a bheith idir an tÚdarás agus trí fhochuideachta oibriúcháin CIÉ maidir le seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil.

- Ba cheart don Údarás gach airgead maidir le dualgas seirbhíse poiblí agus deontais chaipitil mar gheall ar sheirbhísí nó oibreacha i MLBÁC a íoc go díreach leis na trí fhochuideachta oibriúcháin.

- Ba cheart gurbh é an tAire Iompair a cheapfadh comhaltaí Bhoird na dtrí fhochuideachta oibriúcháin feasta in áit Chathaoirleach Bhord CIÉ.

- Ba cheart gur ar a n-ainmniú ag Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a cheapfaí sciar de na comhaltaí ar Bhord CIÉ agus ar Bhoird na dtí fhochuideachta oibriúcháin.

- Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás nua treoirlínte chomhairleacha agus treoracha sainoirdaithe a eisiúint leis na trí fhochuideachta oibriúcháin go díreach chomh maith lena n-eisiúint le máthairchomhlacht CIÉ féin.

- Ba cheart go mbeadh diúscairt ar mhaoin talúni MLBÁC ag CIÉ faoi réir ag toiliú Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath chuige.

- Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás, mar a leagadh amach cheana i Roinn 5, na feidhmeanna a bheadh le baint amach ag CIÉ nó ag aon cheann de na fochuideachtaí oibriúcháin a shocrú chomh maith le cumhacht dul ina gceann agus

aon cheann de na feidhmeanna a dhéanamh é féin go díreach nó a leagan ar an tríú páirtí, sa chás nach raibh CIÉ nó aon cheann de na trí fhochuideachta oibriúcháin ag cruthú go sásúil.

Cé go bhfanfadh na trí fhochuideachta oibriúcháin mar chuid de Ghrúpa CIÉ chinnteofaí trí na hathruithe sin gur ar an Údarás Iompair nua seachas ar CIÉ a bheadh an phríomhfhreagracht mar gheall ar mhaoirseacht ar bheartaíocht iompair phoiblí thrí fhochuideachta oibriúcháin CIÉ i MLBÁC.

- *An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród*

Bhí ceangal dlúth idir plé na Foirne ar an ról a bheadh feasta ag an GFI agus an plé a rinneadh maidir leis an gcur chuige ab fhearr maidir le bainistíocht slánchóirithe ar thograí tábhachtacha infrastruchtúir iarnróid áirithe. Beidh fíorthábhacht maidir le hinfrastruchtúr iompair phoiblí slánchóirithe a thabhairt i gcrích go sásúil i MLBÁC le trí thogra iarnróid a thabhairt chun críche go héifeachtúil - an Metro Thuaidh, an tIdirnascaire agsu Acomhal Fhaiche Stiabhna. Tá sé ar cheann de na cúinsí cinniúnacha fíorthábhachtacha i gcomhthéacs Iompar 21 a thabhairt i gcrích go gcinntítear cur chuige dlúth, slánchóirithe maidir leis an réimse tograí sin. Molann an Fhoireann dá bharr sin gur ar Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath féin go díreach a bheadh an fhreagracht maidir leis na trí thogra sin.

Tá molta ag an bhFoireann cheana féin i Roinn 5 go mbeadh freagracht maidir le feidhmeanna slánchóirithe ar Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath rud a mbainfeadh aistriú shainordú an GFI maidir le ticéadú slánchóirithe go dtí an tÚdarás nua leis. Mhol an Fhoireann níos luaithe chomh maith gur chóir an tÚdarás nua a bheith freagrach as conarthai a dhéanamh leis na trí fhochuideachta oibriúcháin de chuid CIÉ maidir lena gcuid seirbhísí iompair phoiblí i MLBÁC. Tá taithí ábhartha ag an GFI maidir le hidirbheartaíocht agus maoirseacht i gcás chonradh oibriúcháin Luas le Connex. Seachas an saineolas atá i mBaile Átha Cliath ar sholáthar seirbhísí a scaipeadh ar fud dhá áisíneacht (an GFI agus an tÚdarás nua), molann an Fhoireann go mbeadh an saineolas ar fad ar sholáthar seirbhíse i MLBÁC lonnaithe i gcomhlacht amháin, eadhon in Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath.

Tar éis cinneadh gur cheart an fhreagracht maidir leis na trí thogra iarnróid, maidir le ticéadú slánchóirithe agus le soláthar do sheirbhísí iompair phoiblí a bheith ar an Údarás nua go díreach, rinne an Fhoireann ansin an ról a bheadh feasta ag an GFI a mheas. Chinn an Fhoirenn go mb'fhearr cuíchóiriú a dhéanamh ar na struchtúir reatha maidir le bearta a thabhairt i gcrích. Dá réir sin, molann an Fhoireann go dtabharfaí an GFI isteach faoi scáth Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath agus gur cheart go dtarlódh sin ag am a roghnódh an tÚdarás nua. Bheadh an Fhoireann den tuairim láidir go mbeidh Príomhfheidhmeannach agus foireann bhainistíochta sinsearach earcaithe ag an Údarás tar éis phróisis chomórtais oscailte agus go mbeidh deis aige cultúr dá chuid féin a bhunú sula rachfar i gceann an GFI a thabhairt isteach faoina scáth.

D'fhonn cinntiú go leantar den dul chun cinn ar na trí thogra iarnróid, molann an Fhoireann go ndéanfaí mar seo a leanas go ceann tamaill:

- Ba cheart don GFI leanacht ag baint a chuid feidhmeanna amach agus ba chóir dó cinntiú go leantar den dul chun cinn maidir le Iompar 21 a thabhairt i gcrích. Tá sé fíorthábhachtach go leanfadh an GFI ag dul chun cinn leis an obair thábhachtach ar

Metro ó Thuaidh.

- Ba cheart do Iarnród Éireann leanacht ag cur an obair réamhullmhúcháin tábhachtach ar an Idirnascaire chun cinn.

- Ba cheart leathnú gan mhoill a dhéanamh ar an sainordú ón Roinn Iompair chun lánfhreagracht a chur ar an GFI as an bpleanáil, an dearadh agus an tógáil ar shaoráid acomhail Fhaiche Stiabhna ina iomláine. Leanfaidh cur chuige an chomhair mar atá idir Iarnród Éireann agus an GFI cheana i leith an togra seo, ar ndóigh.

Beidh de scóip ag an Údarás nua smacht díreach a ghlacadh ar aon cheann nó ar na trí cinn de na tograí iarnróid go díreach tar éis a bhunú go reachtúil, dá gcinnfeadh sé go mba mhaith an rud sin. Beidh de chead ag an Údarás chomh maith ligean do na háisíneachtaí reatha leanacht ar aghaidh leis an obair ag cur na dtograí chun cinn go dtí go dtagann an t-am ar dóigh leis an Údarás nua go bhfuiltear ullamh chun an fhreagracht dhíreach a thógáil air féin. Is é tuairim na Foirne go mbeidh an tÚdarás nua, ar a bhunú go reachtúil agus ar acmhainní cuí a chur ar fáil dó, i riocht mhaith chun cinneadh ar bhearta cinniúnacha mar sin. Ba cheart go mbeadh scóip den chineál céanna ag an Údarás nua maidir le socrú cén uair a ghlacfadh sé an fhreagracht ón GFI as feidhmeanna maidir le ticéadú slánchóirithe agus soláthar do sheirbhísí iompair phoiblí. Mar fhocal scoir, is mian leis an bhFoireann a rá go soiléir nach gá ceangal idir cinneadh de chuid an Údaráis glacadh le haon cheann de na feidhmeanna sin agus cinneadh maidir leis an am a dtabharfaí an GFI féin isteach faoina scáth go hiomlán.

- *Soláthraithe Sheirbhís Iompair Phoiblí eile i MLBÁC*
  Beidh oibreoirí Luas agus Metro san am atá le teacht ina soláthraithe seirbhíse tábhachtacha agus gnéithe tábhachtacha den ghréasán iompair phoiblí slánchóirithe á oibriú acu. Beidh gaol soiléir ar bhonn conartha idir an tÚdarás nua agus oibreoirí Luas agus Metro, arna roghnú tar éis tairisceana oscailte. Cinnteofar ar an gcaoi sin go bhfuil riachtanais an Údaráis maidir le seirbhísí iompair phoiblí slánchóirithe a chur ar fáil á sásamh.

  Go dtí go dtugtar isteach reachtaíocht nua a leasódh an tAcht Iompair ar Bhóithre 1932, molann an Fhoireann go leanfadh an tAire Iompair ag ceadúnú oibreoirí príobháideacha sheirbhísí bus iompair phoiblí i MLBÁC. Cothóidh an tÚdarás nua gaol chomh maith leis na hoibreoirí sin d'fhonn rialú a dhéanamh ar a gcuid rannpháirtíochta i gcóras ticéadaithe slánchóirithe agus i gcóras eolais slánchóirithe, beart a chinnteoidh go mbeidh siadsan freisin ina gcuid den ghréasán iompair phoiblí slánchóirithe i MLBÁC.

- *Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath*
  Ba cheart go n-aistreofaí gach feidhm atá faoi láthair le hOifig Iompair Bhaile Átha Cliath go dtí Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. Molann an Fhoireann gur cheart OIBÁC a scor, tráth a roghnódh an tÚdarás nua tar éis a bhunú go reachtúil.

- *An tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta*
  Oibreoidh an ÚBN mar a dhéanadh tríd is tríd taobh amuigh de thrí chás thábhachtacha:_

  - Ba cheart go ndéanfadh Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath maoirseacht straitéiseach maidir leis an gclár bóithre náisiúnta a bheartófaí do MLBÁC agus ba cheart go mbeadh de chumhacht aige treorú don ÚBN cloí leis an straitéis iompair slánchóirithe.

  - Ba cheart don ÚBN caidreamh leanúnach a thosú le Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath d'fhonn an bhainistíocht is fearr a chinntiú ar thrácht bóthair le linn an obair thógála ar thograí Iompar 21.

  - Beidh gá le toiliú Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath le haon scéimeanna táillí a bheartaíonn an ÚBN i MLBÁC, scéimeanna a bheartófaí don M50 san áireamh.

- *Údaráis Áitiúla*
  Is é tuairim na Foirne, go leanfaidh na húdaráis áitiúla den chuid is mó ag déanamh de réir na bhfeidhmeanna bhainistiú tráchta taobh istigh de chreat straitéise a leagfaidh an tÚdarás síos. Ina dhiaidh sin féin, ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an Údarás cinneadh roinnt feidhmeanna a bhaint amach go díreach nó tríd an tríú páirtí dá mbeadh sin níos éifeachtúla. Ba cheart don Údarás nua an dáileadh a dhéanamh ar dheontais maidir leis an mbainistíocht ar thrácht bóthair agus ba cheart go mbeadh ar a chumas treoir a thabhairt do na húdaráis áitiúla maidir le húsáid agus feidhm an ioncaim a thuilltear ó tháillí páirceála agus nithe gaolmhara. Ba cheart go dtabharfaí de scóip dó freisin treoirlínte chomhairleacha agus treoracha sainordaithe a eisiúint le húdaráis áitiúla maidir le feidhmeanna mar gheall ar bhainistíocht ar thrácht bóthair. Rinneadh cur síos cheana thuas ar an gcaidreamh idir Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath agus na húdaráis áitiúla maidir le feidhmeanna mar gheall ar phleanáil ar úsáid na talún.

Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- Eagar agus Struchtúr

Molann an Fhoireann:-

- Gur chóir Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a bhunú de réir reachta agus Lucht Feidhmiúcháin saindírithe a bheith ag tuairisciú le Bord neamhfheidhmiúcháin faoi chathaoirleacht Chathaoirligh neamhfheidhmiúcháin;

- Gur cheart go ndéanfadh Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin an Bhoird cathaoirleacht chomh maith ar Chomhairle Chomhairleach reachtúil a mbeadh bonn leathan ionadaíochta ag baint léi.

An Bord

Ba cheart go mbeadh deichniúr comhalta arna gceapadh ag an Aire Iompair ar an mBord:-

- Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin;
- Triúr Stiúrthóirí Feidhmiúcháin (Príomhfheidhmeanna, Stiúrthóir Infrastruchtúir agus Stiúrthóir Seirbhísí); agus
- Seisear Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin (lena n-áireofaí Bainisteoir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ex-officio).

Is é an tAire Iompair a cheapfadh an Cathaoirleach agus na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin eile as liosta daoine a mholfaí go coitianta trí Phainéal Ainmniúcháin.

Feidhmeannas
Ba cheart go mbeadh Feidhmeannas lán acmhainne, saineolais, gairmiúil ag an Údarás faoi cheannasaíocht Phríomhfheidhmeannach an Údaráis agus seisear stiúrthóir ag tuairisciú go díreach leis mar a leagtar amach in Aguisín III.

Comhairle Chomhairleach
Ba cheart go mbeadh Comhairle Chomhairleach reachtúil ag an Údarás faoi chathaoirleacht Chathaoirleach an Bhoird. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an gComhairle le linn don straitéis iompair slánchóirithe do MLBÁC agus na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha a bheith á n-ullmhú. D'fhéadfadh an Choimhairle moltaí a dhéanamh leis an mBord chomh maith maidir le feidhmeanna reachtúla an Údaráis a chur i bhfeidhm. Is é an tAire a cheapfadh comhaltaí na Comhairle Comhairlí.

Bheadh comhalta tofa amháin agus an bainisteoir ó gach ceann de na Comhairlí Cathrach agus Contae i MLBÁC i measc na gcomhaltaí (rud a d'fhágfadh seachtar Comhairleoirí agus seachtar Bainisteoirí ó na húdaráis áitiúla ina gcomhaltaí, ceithre dhuine dhéag in iomláine). Cheapfaí cúig chomhalta déag eile ó phainéil ionadaíochta thar ceann grúpaí leasa pobail, gnó, eacnamaíochta, sóisialta, comhshaoil, gairme agus leasanna eile.

<u>Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- Acmhainní Daonna agus Riachtanais Eile</u>
I bhfianaise na ndeacrachtaí a bheidh roimh an Údarás nua, níl amhras ach go mbeadh aimsiú agus earcú ar an duine ceart do phost an Phríomhfheidhmeannaigh cinniúnach maidir le Iompar 21 a thabhairt i gcrích go sásúil i MLBÁC. Glacann an Fhoireann leis gur de réir an mhargadh earcaíochta ar fud an domhain a shocrófar ráta cúitimh do dhuine ardéifeachta agus ardchríochnúlachta agus go mbeidh gá le cuardach idirnáisiúnta a dhéanamh. Beidh an scéal amhlaidh agus postanna lárnacha bainistíochta, gairme agus teicniúlachta á líonadh ar fud na heagraíochta. Molann an Fhoireann dá bhrí sin:-

- Nár cheart go gcuirfí bac maidir leis an bpacáiste tuarastail agus luach saothair do Phríomhfheidhmeannach an Údaráis nua leis na gnáthmhodhanna smachta a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair do Phríomhfheidhmeannaigh Chomhlachtaí Stáit.

- Gur cheart an tsaoirse a bhíonn faoi láthair ag Comhlachtaí Stáit tráchtála maidir le hearcaíocht agus luach saothair i gcás bhaill foirne a thabhairt don Údarás nua, ainneoin an stádais mar Chomhlacht Stáit neamhthráchtála.

Beidh toradh fónta a bheith ar an Údarás beartaithe ag brath go mór ar na moltaí sin a chur i bhfeidhm.

Tá roinnt moltaí breise déanta ag an bhFoireann maidir le nithe ar dóigh léi gur cuidiú a bheadh iontu don Údarás nua agus é ag cur a chuid freagrachtaí i bhfeidhm go sásúil. Tá moltaí maidir le cumhacht iasachtaí gearrthéarmacha a thógáil agus scóip maidir leis na cineálacha conartha a bhféadfadh an tÚdarás leas a bhaint astu i gcás thograí infrastruchtúir ina measc.

Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath:- Socruithe Eadramhacha

Go dtí go n-achtaítear an reachtaíocht is gá, molann an Fhoireann:-

- Go gceaptar Cathaoirleach agus Bord Eadramhach gan mhoill de réir an nós imeachta a mholtar i Roinn 7;

- Go dtosaíonn an Bord Eadramhach gan mhoill ar Phríomhfheidhmeannach do Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a earcú;

- Go dtugann an Príomhfheidhmeannach an struchtúr eagrúcháin agus foirne don Údarás nua chun cinn agus an tionchar cuí ag an mBord Eadramhach air agus go dtosaítear ar an earcaíocht le haghaidh postanna mórthábhachta agus don bhonn riaracháin.

Síniú *Dáta*

---------- ----------

An tOllamh Margaret O'Mahony
Cathaoirleach
Foireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

---------- ----------

Colin Hunt
Comhalta
Foireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

---------- ----------

John Lumsden
Comhalta
Foireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

---------- ----------

Pat Mangan
Comhalta
Foireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

---------- ----------

Maev Nic Lochlainn
Rúnaí
Foireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

Foireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath

Tuairisc don Aire Iompair

Aguisíní

Aguisín I

Samhain 2005

An tOllamh Margaret O'Mahony
Cathaoirleach
Foireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath
f/ch Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúir agus Comhshaoil
Coláiste na Tríonóide
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

Margaret, a chara,

Go raibh maith agat as ucht toiliú fónamh i do chathaoirleach ar Fhoireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. Táim ag scríobh chugat chun na téarmaí tagartha don Fhoireann a leagan amach faoi mar a pléadh leat féin sular ghlac tú leis an gceapachán.

Cuirfidh Foireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath moltaí ar aghaidh chugamsa maidir le húdarás iompair a bhunú do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Ba cheart go gcuimseofaí sna moltaí sin, réimse an údaráis, na cumhachtaí, an struchtúr, cúrsaí eagrúcháin agus riachtanais maidir le hacmhainní daonna agus acmhainní eile chomh maith le haon ní eile ar dóigh leis an bhFoireann gur cuí iad trácht orthu. Ba cheart don Fhoireann, agus na moltaí á dtabhairt i gcrích acu, an sárchleachtas agus an chiall cheannaithe i dtíortha thar lear a thabhairt san áireamh.

Agus ceisteanna réimse an údaráis bheartaithe á meas, ba cheart don Fhoireann an tábhacht atá le clár infheistíochta i gcúrsaí iompair maidir le Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go tráthúil, éifeachtúil, le córas iompair slánaithe don phríomhchathair a thabhairt i gcrích agus le comhordú agus comhoibriú éifeachtúil idir áisíneachtaí éagsúla a chinntiú.

Beidh gá le reachtaíocht chun an t-údarás beartaithe a chur ar bun ar bhonn reachtúil. Ba mhór agam aon chomhairle ba mhian leis an bhFoireann a chur orm maidir le hábhar na reachtaíochta sin. Ba chóir don Fhoireann moltaí a chur ar aghaidh chomh maith maidir leis na socruithe eadramhacha ba chóir a chur ar bun go dtí go n-achtaítear an reachtaíocht.

Bheinn buíoch dá gcuirfeadh an Fhoireann tuairisc ar fáil dom chomh luath agus a thagann le freagra den stuaim agus den staidéar a thabhairt ar gach ceist a chuirtear faoina cúram.

Guím gach rath ort féin agus ar do chomhghleacaithe san obair fhíorthábhachtach seo.

Is mise le meas

_____
Martin Cullen T.D.
An tAire Iompair

Aguisín II

Próiseas an Chomhairliúcháin i Scríbhinn

D'iarr Foireann Bhunaithe Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath aighneachtaí i scríbhinn maidir leis na ceisteanna a tarraingíodh anuas sna Téarmaí Tagartha go foirmeálata ar réimse leathan eagraíochtaí. As 33 eagraíocht a ndearnadh caidreamh leo, chuir 22 acu aighneachtaí faoinár mbráid. Chomh maith leis sin, bhí roinnt áisíneachtaí a raibh cruinniú acu leis an bhFoireann a chuir aighneachtaí i scríbhinn faoi bhráid chomh maith. Fuarthas roinnt aighneachtaí ó eagraíochtaí eile chomh maith. Leagtar amach sonraí ag deireadh na haguisíne seo faoi na heagraíochtaí ar tugadh cuireadh dóibh aighneacht i scríbhinn a chur faoi bhráid agus faoi na heagraíochtaí a chuir aighneachtaí ar fáil. Tá i gceist lena bhfuil thíos léargas ginearálta a thabhairt ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas agus ar na moltaí a rinneadh le linn an phróisis.

Scóip Gheografach

Bhí iarrtha ar an bhFoireann moltaí a dhéanamh maidir le húdarás iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath (MLBÁC) a bhunú. Is é an sainmhíniú caighdeánach ar MLBÁC go bhfuil ceithre limistéar údaráis áitiúil Bhaile Átha Cliath ann chomh maith le limistéir údaráis áitiúil Chill Dara, na Mí agus Chill Mhantáin. Cé nár luadh an scóip gheografach beag ná mór sa chuid is mó de na haighneachtaí, bhain d'éagsúlacht leis na tuairimí a tugadh gur deimhníodh go mba chuí mar chríoch na seacht limistéar údaráis áitiúil sin agus gur moladh go leathnófaí an limistéar amach go dtí na contaetha máguaird chun go gcuimseofaí ann crios lucht taistil idir baile agus obair agus gur moladh go mbunófaí Údarás Iompair Náisiúnta, ón tús nó taobh istigh de bhlianta beaga tar éis bhunú Údaráis Bhaile Átha Cliath.

Réimse Straitéise don Údarás Nua

Admhaíodh go raibh géarghá lena chinntiú go dtugtar tograí caipitil faoi Iompar 21 i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath i gcrích go tráthúil, éifeachtúil. Bhí glacadh go ginearálta leis an gcoincheap go mbeadh an fhreagracht ghinearálta ar aon áisíneacht amháin. Cé gur moladh chomh maith go bhféadfaí soláthar agus maoirseacht maidir le gach céim de na tograí infrastruchtúr iompair ó thús deireadh a leagan de chúram díreach ar an Údarás, bhí go leor i bhfabhar Údarás straitéise, comhordaithe a chuirfeadh chuig an obair le lámh éadrom agus na háisíneachtaí feidhme atá ann faoi láthair ag leanacht a bheag nó a mhór mar atá faoi láthair. Bhí á thabhairt le tuiscint uaireanta nach mbeadh de bharr athrú radacach ach moill. Rinneadh tagairt do shocruithe éifeachtúla eadramhacha a chur ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar Iompar 21 i MLBÁC, chomh maith le soiléiriú a dhéanamh maidir leis an áisíneacht shonrach ar a raibh an cúram maidir le soláthar áirithe. Fiú agus é ag oibriú ar bhonn straitéise, measadh gur cheart údarás soiléir, smacht ar bhuiséad agus na cumhachtaí reachtúla ba ghá a bheith ag an eagraíocht nua chun an cúram a leagfaí air a chur de go héifeachtúil. D'fhéadfadh go mbainfeadh cumhachtaí chun teacht isteach i gceann an ghnó, sa chás nach raibh na háisíneachtaí feidhme ag cruthú sách maith, le forfheidhmiú ag an Údarás nó cumhachtaí trína stiúrfadh an tÚdarás áisíneachtaí i gcás ina raibh sé ina choinbhleacht agus gan aon réiteach eile air.

Úsáid na Talún agus Slánchóiriú ar Chúrsaí Iompair

Leagadh béim i gcuid mhaith aighneachtaí ar an tábhacht a bhaineann le tabhairt faoi úsáid na talún agus pleanáil ar chúrsaí iompair ar bhealach slánchóirithe. I measc na nithe a moladh bhí

leathnú a dhéanamh ar réimse an Údaráis Iompair nua chun go dtabharfaí feidhmeanna maidir le húsáid na talún faoina scáth. Luadh an múnla a leagtar amach sa Leabhar Gorm[1]. Moladh deismireachtaí eile chun an slánchuimsiú is fearr ar phleananna a d'ullmhódh an tÚdarás Iompair agus pleananna a nglacfadh na húdaráis phleanála reachtúla leo a chinntiú.

Aistriú Feidhmeanna a d'fhéadfadh tarlú ó Áisíneachtaí Reatha go dtí an tÚdarás nua

Measadh go raibh roinnt feidhmeanna a dtugann áisíneachtaí éagsúla i MLBÁC fúthu faoi láthair arbh fhearr iad a chuimsiú in éineacht faoi scáth an Údaráis nua. Chomh maith leis sin, cuireadh chun cinn go bhféadfaí roinnt áisíneachtaí ina n-iomláine nó réimsí feidhme sonracha taobh istigh de áisíneachtaí áirithe a thabhairt isteach faoin Údarás. Moladh, i measc moltaí eile, gur chóir go nglacfadh an tÚdarás cúram maidir le:-

- hOifig an Stiúrthóra Tráchta a thagann faoi scáth Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi láthair;
- pleanáil ar an infrastruchtúr QBC a dhéanann Oifig Togra QBN faoi láthair;
- pleanáil maidir le Luas agus Metro go dtí Stáid Ordú an Chórais Iarnróid a dhéanann an GFI faoi láthair;
- feidhmeanna pleanála agus úsáid na talún atá ag OIBÁC faoi láthair;
- feidhmeanna pleanála maidir le húsáid na talún agus bainistiú tráchta atá ar údaráis áitiúla faoi láthair;
- rialú maidir le tacsaithe i MLBÁC atá á dhéanamh ag an Rialathóir Tacsaithe faoi láthair; agus
- feidhmeanna iompair chuid de na gníomhaireachtaí iompair i MLBÁC faoi láthairi nó iomlán a gcuid feidhmeanna.

Moladh chomh maith:-

- go seachnódh an tÚdarás a bheith ina sholáthraí seirbhíse go díreach;
- nach dtiocfadh an tÚdarás in áit na n-údarás áitiúil mar atá, agus
- nach mbeadh aon athrú ar chúram reachtúil na bpríomhsoláthraithe seirbhíse poiblí i MLBÁC.

Tríd is tríd, ní mba léir go mbeifí ar aon aigne faoi na ceisteanna.

Feidhmeanna an Údaráis Nua

Bhí go leor a d'aontódh leis an moladh a cuireadh ar aghaidh go leagfaí cúram ar an Údarás nua maidir le feidhmeanna slánchóirithe agus córas iompair phoiblí slánchóirithe a thabhairt i gcrích. Bhí sé coitianta mar théama chomh maith go gcaithfí cumhachtaí tréana a thabhairt don Údarás chun cinntiú go gcuirfí tionsnaimh iompair i bhfeidhm go tráthúil, sásúil. Bhí an-eagsúlacht tuairimí ann faoi cheisteanna eile. Cé go raibh roinnt a luaigh go neamhbhalbh gur cheart cumhachtaí rialaithe a bheith ag an Údarás nó gur chóir go n-oibreodh sé chun léirscaoileadh a dhéanamh ar mhargadh an iompair phoiblí, bhí tuilleadh i bhfabhar Údarás nach mbeadh aon fheidhmeanna rialaithe aige.

Bhí siad seo a leanas i measc na nithe a moladh:-

[1] "New Institutional Arrangements for Land Use and Transport in the Greater Dublin Area", Páipéar Comhairliúcháin arna fhoilsiú i gcomhar ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil agus ag an Roinn Fiontair Phoiblí sa bhliain 2001.

- ord tábhachta a leagan amach agus smacht bhuiséid maidir le tograí iompair caipitil
- soláthar d'infrastruchtúr iompair phoiblí straitéiseach
- éadáil ar thalamh
- ról maoirseachta sa chás go mbaineann níos mó ná gníomhaireacht amháin le togra caipitil
- sainordú maidir le déileáil le riachtanais áise nó fobartha i gcás chalafoirt nó aerphoirt
- soláthar do sheirbhísí iompair phoiblí
- caighdeáin a leagan síos maidir le seirbhís iompair phoiblí a sholáthar
- monatóireacht ar fheidhmíocht agus smachtbhanna a ghearradh más gá
- córas iompair áisiúil slánchóirithe a thabhairt i gcrích
- slánchóiriú ar an infrastruchtúr
- slánchóiriú ar sheirbhísí ar mhodhanna taistil éagsúla
- soláthar do shaoráidí acomhail iompair phoiblí nó do shaoráidí páirceála agus taistil
- brandáil agus bolscaireacht faoin gcóras iompair phoiblí
- eolas taistil slánchuimsitheach a chur ar fáil
- soláthar do chóras ticéadaithe slánchóirithe agus a oibriú
- pleanáil straitéiseach
- feidhmeannann maidir le bainistiú tráchta, i MLBÁC ar fad nó ar bhóithre straitéiseacha amháin
- táillí a ghearradh ar lucht úsáide bóithre agus scéimeanna thobhaigh páirceála
- rialú ar mhargadh an iompair phoiblí, lena n-áireofaí rialú ar na táillí
- léirscaoileadh ar mhargadh na mbusanna
- sábháilteacht bóthair i MLBÁC
- ceadúnú agus rialú maidir le seirbhísí iompair, tacsaithe san áireamh
- bailiú sonraí, feidhmeanna staidrimh agus taighde.

Tríd is tríd, ní facthas go dtiocfaí ar aon aigne maidir leis an réimse leathan feidhmeanna a bhí á moladh.

Struchtúr

D'aontaigh go leor gur cheart go dtiocfadh struchtúr an Údaráis bheartaithe faoi anáil an tsárchleachtais go hidirnáisiúnta agus go háirithe an taithí a bhí ar an gcineál sin i gcathracha móra. Luadh Londain agus *Transport for London* mar shampla maidir leis sin. Leagadh béim ar an ngá atá le ceannaireacht láidir ag leibhéal an Bhoird agus na bainistíochta agus go háirithe ag leibhéal an Phríomhfheidhmeannaigh.

Bhí roinnt aighneachtaí a mba cás leo freagracht a chinntiú agus soláthar a dhéanamh d'ionadaíocht dhóthaineach ag sainleasanna éagsúla taobh istigh de struchtúir fhoirmeálta an Údaráis. Bhí roinnt a mheas gur cheart gur daoine aonair ag déanamh ionadaíochta thar ceann gheallsealbhóirí nó ghrúpa sainleasa éagsúla a bheadh ar an mbord. Bhí roinnt a mheas gur chóir Comhairle faoi leith a bhunú cosúil, b'fhéidir, leis na moltaí a leagadh amach sa Leabhar Gorm nó mar atá curtha i bhfeidhm ag Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath.

D'iarr beagnach gach eagraíocht a chuir aighneacht faoi bhráid go mbeadh ionadaíocht acu féin nó ag an earnáil taobh istigh de struchtúr foirmeálta an Údaráis, agus bhí roinnt a rinne moltaí maidir le dreamanna eile ar cheart ionadaíocht a bheith acu. Tháinig moladh amháin go mbeadh na hionadaithe dírithe ar Bhaile Átha Cliath seachas iad a theacht ó eagraíochtaí atá dírithe ar an tír ar fad nó a bhfuil dualgas náisiúnta orthu. Go ginearálta, moladh rannpháirtíocht nó ionadaíocht ag:

- lucht úsáide iompair, an pobal a thaistlíonn idir an baile agus an obair san áireamh lucht gnó
- grúpa sainleasa lastais/onnmhaireora
- ceardchumainn agus oibrithe earnáil an iompair
- grúpaí sainleasa pobail
- earnáil na ndaoine faoi mhíchumas
- áisíneachtaí iompair atá ann cheana
- oibreoirí busanna príobháideacha
- comhaltaí tofa de chuid na seacht n-údarás áitiúil
- lucht bainistíochta ó na seacht n-údarás
- comhaltaí tofa de chuid an dá Údarás Réigiúnach[2]
- lucht bainistíochta ón dá Údarás Réigiúnach
- An Roinn Iompair
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Roinn an Taoisigh
- Eagraíochtaí gairme (e.g. lucht ghairm an iompair agus loighistice).

Conclúid

Ba mhór ag an bhFoireann an réimse leathan tuairimí a cuireadh faoi bhráid agus ba mhaith linn an deis seo a thapú chun ár mbuíochas a chur in iúl do lucht na n-aighneachtaí as an am agus an éirim a caitheadh leo. B'ábhar suntais chomh mór agus a bhíothas ag teacht ar aon aigne faoin Údarás cúram a ghlacadh maidir le feidhmeanna slánchóirithe. Bhí sin agus go leor ceisteanna eile a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí ag teacht go mór le plé agus anailís na Foirne féin.

[2] Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath agus Údarás Réigiúnach an Lár-Oirthir Dublin

A. Eagraíochtaí a ndearnadh comhairle leo agus a chuir aighneachtaí i scríbhinn ar fáil

1. An Taisce
2. Cumainn Tráchtála na hÉireann
3. Institiúid Chairte Loighistice agus Iompair na hÉireann
4. Connex Transport Ireland Limited
5. Cónaidhm an Tionscail Tógála
6. Údarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath
7. Cumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath
8. Cumann Gnó Chathair Bhaile Átha Cliath
9. Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
10. Innealtóirí Éireann
11. Fiontar Éireann[3]
12. Forfás[3]
13. Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann[3]
14. Cónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann
15. Comhdháil na gCeardchumann
16. Cumanna Onnmhaireoirí na hÉireann
17. Údarás Réigiúnach an Lár-Oirthir
18. Private Association Motor Bus Owners
19. An Coiste um Inrochtaine Iompair Phoiblí
20. An Fóram Comhpháirtíochta Iompair Phoiblí
21. Cumann Tráchtála Dheisceart Bhaile Átha Cliath
22. Cumann Tráchtála Sórd agus Fhine Gall

B. Eagraíochtaí a ndearnadh comhairle leo agus nach bhfuarthas aighneachtaí uathu

23. An Garda Síochána
24. Automobile Association
25. Coach Tourism and Transport Council
26. Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath
27. Cuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath
28. Turasóireacht Bhaile Átha Cliath
29. Cumann Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
30. Cónaidhm na nOibreoirí Iompair
31. An Institiúid Náisiúnta Iompair agus Loighistice
32. Oifig an Stiúrthóra Tráchta
33. Cumann Tráchtála Chill Mhantáin

C. Eagraíochtaí agus daoine aonair eile a chuir aighneachtaí i scríbhinn ar fáil

34. Bainisteoirí Cathrach/Contae ó na seacht n-údarás áitiúla i MLBÁC
35. Cumann Tráchtála Dhroichead Átha
36. Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath
37. An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

[3] Aighneacht i gcomhar a chuir Fiontar Éireann, Forfás agus Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann faoi bhráid.

38. An tUasal Roy H. W. Johnston, PhD, FInstP, CIEI, ó Techne Associates
39. An tUasal Seán Giblin, BE, MIEI, CdipAF, ó Deliver It Right agus DART for Lucan

Aguisín III

Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath – Struchtúr Eagrúcháin



Aguisín IV

Príomhfheidhmeanna Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath
Dréachtdháileadh arna Leagan ar 6 Stiúrthóir

Stiúrthóir Infrastruchtúir
Comhordú ar Iompar 21 a thabhairt i bhfeidhm i MLBÁC.
Soláthar don Infrastruchtúr Iompair Phoiblí (go díreach nó tríd an tríú páirtí).

Stiúrthóir Seirbhísí
Pleanáil ar an nGréasán Iompair Phoiblí Slánchóirithe i MLBÁC
Conarthaí bunaithe ar an bhfeidhmíocht a bhronnadh go díreach ar na trí fochuideachta de chuid CIÉ
Soláthar do chonarthaí bunaithe ar fheidhmíocht do Luas agus Metro tar éis phróiseas tairisceana
Monatóireacht ar chruthú na n-oibritheoirí iompair phoiblí agus beart bisigh nuair is gá
Gníomhú mar sholáthraí iompair phoiblí na céime is géire
Rialachas maidir le táillí iompair phoiblí (táillí slánchuimsithe san áireamh).

Stiúrthóir Slánchóirithe
Branda amháin san iompar poiblí a thabhairt chun cinn, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn
Soláthar maidir le córas ticéadaithe slánchóirithe don iompar poiblí agus a oibriú
Soláthar maidir le córas eolais slánchóirithe don iompar poiblí agus a oibriú
Ionad Sheirbhís don Chustaiméir do lucht úsáide an ghréasáin iompair phoiblí slánchóirithe
Tionscnaimh Chothú na Cathrach (e.g. Lá Saor ó Charranna)
Tionscnaimh eile chun rothaíocht agus coisíocht a chur chun cinn
Áisiúlacht do dhaoine faoi mhíchumas

Stiúrthóir Tráchta
Bainistíocht ar Chúrsaí Tráchta
Bainistíocht maidir leis an Éileamh ar Dheiseanna Iompair

Stiúrthóir Pleanála
Pleanáil Slánchuimsitheach ar Úsáid na Talún agus ar chúrsaí Iompair
Pleanáil Straitéiseach maidir le gach modh iompair
Forbhreithniú Straitéiseach ar an gClár Infheistíochta sna Bóithre Náisiúnta i MLBÁC
Bailiú Sonraí agus Taighde

Stiúrthóir Airgeadais
Airgeadas, Acmhainní Daonna, TE agus Seirbhísí Corparáideacha